# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/441 ÓN gCOIMISIÚN

**an 11 Márta 2021**

**lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

## 1. NÓS IMEACHTA

### 1.1. Bearta atá i bhfeidhm

(1) I mí Iúil 2002, trí Rialachán (CE) Uimh. 1339/2002 [2] d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithdhumpála chinntitheach 21 % ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus dleacht frithdhumpála chinntitheach 18,3 % ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na hIndia iad ("an chéad tréimhse imscrúdaithe").

(2) Trí Rialachán (CE) Uimh. 1338/2002 [3], d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithchúitimh chinntitheach 7,1 % ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na hIndia iad.

(3) Trí Chinneadh 2002/611/CE [4], ghlac an Coimisiún le gealltanas i dtaca le praghsanna maidir leis na bearta frithdhumpála agus na bearta frith-fhóirdheontais araon ar na hallmhairí ón India arna dtairiscint ag táirgeoir onnmhairiúcháin amháin as an India, eadhon Kokan Synthetics and Chemicals Pvt. Ltd ("Kokan").

(4) I mí Feabhra 2004, trí Rialachán (CE) Uimh. 236/2004 [5], mhéadaigh an Chomhairle ráta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir le hallmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad ó 21 % go dtí 33,7 % tar éis ath-imscrúdú ionsúcháin a dhéanamh.

(5) I mí an Mhárta 2004, trí Cinneadh 2004/255/CE [6], rinne an Coimisiún aisghairm ar Chinneadh 2002/611/CE tar éis do Kokan an gealltanas a tharraingt siar go deonach.

---

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1339/2002 ón gComhairle an 22 Iúil 2002 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndia iad (IO L 196, 25.7.2002, lch. 11).

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1338/2002 ón gComhairle an 22 Iúil 2002 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht frithchúitimh shealadach arna forchur ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na hIndia iad (IO L 196, 25.7.2002, lch. 1).

[4] Cinneadh 2002/611/CE ón gCoimisiún an 12 Iúil 2002 ag glacadh le gealltanas arna thairiscint maidir leis na himeachtaí frithdhumpála agus na himeachtaí frith-fhóirdheontais maidir le hallmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na hIndia iad (IO L 196, 25.7.2002, lch. 36).

[5] Rialachán (CE) Uimh. 236/2004 ón gComhairle an 10 Feabhra 2004 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1339/2002 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndia iad (IO L 40, 12.2.2004, lch. 17).

[6] Cinneadh 2004/255/CE ón gCoimisiún an 17 Márta 2004 lena n-aisghairtear Cinneadh 2002/611/CE ag glacadh le gealltanas arna thairiscint maidir leis na himeachtaí frithdhumpála agus na himeachtaí frith-fhóirdheontais maidir le hallmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na hIndia iad (IO L 80, 18.3.2004, lch. 29).

(6) Trí Cinneadh 2006/37/CE ([7]), ghlac an Coimisiún le gealltanas nua i dtaca leis na bearta frithdhumpála agus na bearta frith-fhóirdheontais araon ar na hallmhairí ón India arna dtairiscint ag Kokan. Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1338/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1339/2002 a leasú dá réir sin le Rialachán (CE) Uimh. 123/2006. ([8])

(7) Trí Rialachán (CE) Uimh. 1000/2008 ([9]), d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndia iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh ar na bearta. Trí Rialachán (CE) Uimh. 1010/2008 ([10]), d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na hIndia iad agus leasaigh sí leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála ar allmhairí na hIndia d'aigéad sulfainileach tar éis athbhreithniú éaga agus athbhreithniú eatramhach a dhéanamh.

(8) Trí Rialachán (AE) Uimh. 1346/2014 ([11]) d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na hIndia iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh. Trí Rialachán (AE) Uimh. 1347/2014 ([12]), rinne an Coimisiún aisghairm ar an dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na hIndia iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh.

### 1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(9) Tar éis fhoilsiú an Fhógra maidir le dul in éag atá le tarlú ([13]) ar na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne, fuair an Coimisiún iarraidh an 19 Meán Fómhair 2019 ar athbhreithniú éaga a thionscnamh i dtaca leis na bearta sin de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Rinne Bondalti Chemicals S.A. ("an t-iarratasóir" nó "Bondalti") an iarraidh a thaisceadh, arb é an t-aon táirgeoir d'aigéad sulfainileach é san Aontas, ag léiriú dá bhrí sin 100 % de tháirgeadh an Aontais.

(10) Bhí an iarraidh bunaithe ar na forais gur dhócha go leanfaí le dumpáil nó go gcuirfí tús léi arís agus go leanfaí le díobháil nó go gcuirfí tús léi arís don tionscal de chuid an Aontais de thoradh dhul in éag na mbeart.

### 1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(11) Tar éis a chinneadh go raibh fianaise leordhóthanach ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, d'fhógair an Coimisiún an 18 Nollaig 2019, trí Fhógra arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([14]) ("an Fógra Tionscnaimh"), go rabhthas chun athbhreithniú éaga a thionscnamh de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

---

([7]) Cinneadh 2006/37/CE ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2005 ag glacadh le gealltanas arna thairiscint maidir leis na himeachtaí frithdhumpála agus na himeachtaí frith-fhóirdheontais maidir le hallmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na hIndia iad (IO L 22, 26.1.2006, lch. 52).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 123/2006 ón gComhairle an 23 Eanáir 2006 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1338/2002 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na hIndia iad agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1339/2002 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh, *inter alia*, na hIndia iad (IO L 22, 26.1.2006, lch. 5).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1000/2008 ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2008 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndia é tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 384/96 (IO L 275, 16.10.2008, lch. 1).

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1010/2008 ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2008 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na hIndia iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 2026/97 agus páirt-athbhreithniú eatramhach a dhéanamh de bhun Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 2026/97 agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1000/2008 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndia é tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 384/96 (IO L 276, 17.10.2008, lch. 3).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1346/2014 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2014 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus lena n-aisghairtear an dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na hIndia iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO L 363, 18.12.2014, lch. 82).

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1347/2014 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2014 lena n-aisghairtear an dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh na hIndia iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle (IO L 363, 18.12.2014, lch. 101).

([13]) IO C 140, 16.4.2019, lch. 10.

([14]) IO C 425, 18.12.2019, lch. 39.

1.4. **Imscrúdú**

1.4.1. *An tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus an tréimhse a measadh*

(12) San imscrúdú ar leanúint den dumpáil nó í a thosú arís, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2018 go dtí an 30 Meán Fómhair 2019 ("an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe"). San imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtosófaí arís í, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go deireadh na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ("an tréimhse a measadh").

1.4.2. *Páirtithe leasmhara*

(13) San Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, agus allmhaireoirí agus úsáideoirí aitheanta ar an eolas go sonrach maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(14) Níor tháinig aon pháirtí chun cinn.

(15) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

(16) Níor tionóladh aon éisteacht leis an gCoimisiún ná leis an Oifigeach Éisteachta.

1.4.3. *Sampláil*

1.4.3.1. Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne

(17) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr sé ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint, má ba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ní raibh aon chomhlachas táirgeoirí ann a rabhthas ar an eolas fúthu agus a ndeachthas i dteagmháil leo.

(18) Níor tháinig aon chuideachta ó Dhaon-Phoblacht na Síne chun cinn.

(19) Dá dhroim sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne ([15]) go raibh sé beartaithe aige fíorais a bhí ar fáil faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán a úsáid le linn dó leanúint Nóta Briathartha nó atarlú na dumpála a imscrúdú. Níor thug údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne aon fhreagra.

1.4.3.2. Sampláil allmhaireoirí neamhghaolmhara

(20) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach allmhaireoir neamhghaolmhar, nó ionadaithe a bhí ag gníomhú thar a cheann, lena n-áirítear iad siúd nár chomhoibrigh san imscrúdú agus a raibh na bearta atá faoi réir an athbhreithnithe reatha dá dtoradh, iad féin a chur in aithne agus an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(21) Níor tháinig aon allmhaireoir chun cinn.

1.4.4. *Freagraí ar an gceistneoir agus fíorú*

(22) Chuir an Coimisiún na ceistneoirí le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, na dtáirgeoirí de chuid an Aontais, agus na dtairgeoirí neamhghaolmhara ar fáil ar líne.

(23) Fuarthas an freagra ar an gceistneoir ón aon táirgeoir amháin ón Aontas.

(24) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith i nDaon-Phoblacht na Síne de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

([15]) Tabhair faoi deara Nóta Briathartha an 27 Eanáir 2020.

(25) Lorg an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil agus den díobháil nó go dtarlóidís arís agus leas an Aontais.

(26) Tar éis ráig phaindéim COVID-19, chinn an Coimisiún gach taisteal neamhriachtanach a chur ar fionraí agus chuir sé na páirtithe leasmhara ar an eolas maidir leis sin ([16]). Ina dhiaidh sin, rinneadh cros-seiceáil chianda ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach sa cheistneoir do na páirtithe seo a leanas:

Táirgeoir ón Aontas:

— Bondalti Chemicals S.A.

1.4.5. *Sonraí a chur i láthair*

(27) Ós rud é nach bhfuil ach táirgeoir amháin i dtionscal an Aontais, tá roinnt de na figiúirí a chuirtear i láthair sa rialachán seo i bhfoirm raonta ar chúiseanna rúndachta.

1.4.6. *An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán*

(28) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú agus go bhféadfaí a thaispeáint, maidir le Daon-Phoblacht na Síne, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé go mba ghá dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(29) Shonraigh an Coimisiún freisin i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go raibh an India roghnaithe go sealadach aige mar fhoinse iomchuí de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán chun críche an gnáthluach a chinneadh bunaithe ar phraghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Luaigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé foinsí eile féideartha.

(30) An 7 Bealtaine 2020, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas trí bhíthin an chéad nóta ("Nóta an 7 Bealtaine") maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, chuir an Coimisiún liosta ar fáil de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáideadh chun aigéad sulfainileach a tháirgeadh. Ina theannta sin, bunaithe ar na critéir a threoraíonn an rogha praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, dheimhnigh an Coimisiún go raibh sé beartaithe aige an India a roghnú mar fhoinse iomchuí. Is é an t-iarratasóir amháin a sheol barúlacha maidir leis an Nóta an 7 Bealtaine.

(31) An 25 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas trí bhíthin an dara nóta ("Nóta an 25 Meán Fómhair") faoi na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh agus dheimhnigh sé gur roghnaigh sé an India mar fhoinse iomchuí. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go leagfadh sé síos costais díolacháin, costais ghinearálta agus costais riaracháin agus na brabúis bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil don chuideachta Aarti, táirgeoir san India. Breithníodh barúlacha arna seoladh ag an iarratasóir. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an dara nóta.

1.4.7. *An nós imeachta ina dhiaidh sin*

(32) An 14 Nollaig 2020, nocht an Coimisiún na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha ar a bhfuil sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil ar bun. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a dhéanamh maidir leis an nochtadh. Chuir an t-iarratasóir barúlacha isteach a thacaigh le torthaí an Choimisiúin.

([16]) Uimh. thag. t20.001169.

## 2. TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL

### 2.1. Táirge faoi athbhreithniú

(33) Is é aigéad sulfainileach agus a shalainn, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, an táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo ([17]) ("an táirge faoi athbhreithniú"), agus a thagann faoi chód CN ex 2921 42 00 faoi láthair (Cóid TARIC 2921 42 00 40, 2921 42 00 60, agus 2921 42 00 61). Áirítear air sin:

— Aigéad sulfainileach, bíodh sé ianaithe nó de cháilíocht theicniúil, i bhfoirm tuaslagáin nó púdair, agus

— Salainn aigéid shulfainiligh, bídís ianaithe nó de cháilíochtaí teicniúla, i bhfoirm tuaslagáin nó púdair, arna dtáirgeadh tríd an tuaslagán d'aigéad sulfainileach a chóireáil le hiodrocsaíd sóidiam, sárocsaíd photaisiam, nó hiodrocsaíd chailciam (nó ocsaíd), agus as a gcruthófar:

  — Sulfainioláit sóidiam,

  — Sulfainioláit photaisiam, nó

  — Sulfainioláit chailciam.

(34) Úsáidtear aigéad sulfainileach mar amhábhar chun ábhar gealta optúil, breiseáin treisiúcháin, datháin bhia agus ruaimeanna speisialtachta a tháirgeadh, agus laistigh den tionscal cógaisíochta.

### 2.2. Táirge comhchosúil

(35) Mar a leagadh síos sa chéad tréimhse imscrúdaithe agus in athbhreithnithe éaga ina dhiaidh sin, deimhníodh leis an imscrúdú den athbhreithniú éaga seo go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge faoi athbhreithniú

— an táirge a táirgeadh agus a díoladh ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne agus

— an táirge arb é an tionscal de chuid an Aontais a tháirg agus a dhíol é.

Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

## 3. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL NÓ GO dTOSÓFAR ARÍS Í

(36) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, agus mar a luadh san Fhógra Tionscnaimh, scrúdaigh an Coimisiún ar dhóigh go leanfaí den dumpáil nó go dtosófaí ar dumpáil arís ó Dhaon-Phoblacht na Síne de bharr dhul in éag na mbeart atá i bhfeidhm.

### 3.1. Neamh-chomhoibriú ó na cuideachtaí a sampláladh agus ó Rialtas na Síne

(37) Mar a luadh in aithris (18), níor chomhoibrigh aon duine de na honnmhaireoirí/táirgeoirí ó Dhaon-Phoblacht na Síne san imscrúdú. Dá bhrí sin, an 27 Eanáir 2020, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Sine i ngeall nach bhfuil comhar ann ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne, go bhféadfadh an Coimisiún Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir lena thorthaí. Chuir an Coimisiún i dtábhacht freisin go bhféadfadh níos lú fabhair a bheith ag baint le toradh a bheadh bunaithe ar fhíorais a bhí ar fáil do na páirtithe lena mbaineann agus d'iarr sé ar Dhaon-Phoblacht na Síne barúil a thabhairt. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin.

(38) An 18 Nollaig 2019, sheol an Coimisiún ceistneoir frithdhumpála chuig Rialtas na Síne a bhí dírithe ar údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne. Cuireadh an ceistneoir sin ar fáil do Rialtas na Síne chun deis a thabhairt dó a thuairimí a sholáthar maidir leis an bhfianaise a bhí san iarraidh ar ar éilíodh gur ann do shaobhadh suntasach ar mhargadh intíre na Síne maidir leis an táirge faoi athbhreithniú a thugann údar cuí do chur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Mar a cuireadh i dtábhacht in aithris (28) thuas, níor thug Rialtas na Síne aon fhreagra ar an gceistneoir ná níor thug sé aghaidh ar an bhfianaise i gcomhad an cháis arna sholáthar ag an iarratasóir, lena n-áirítear an "Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála" ("an Tuarascáil").

([17]) Mar a shoiléirítear sa Nóta a ghabhann le Comhad an 18 Samhain 2020, Uimh. Thag. t20.007508. Cé is moite de chomhaontú an iarratasóra, ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis an Nóta a ghabhann leis an gComhad.

(39) An 27 Eanáir 2020, chuir an Coimisiún údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne ar an eolas go raibh sé beartaithe aige Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm freisin agus a chuid torthaí maidir leis an saobhadh luaite i nDaon-Phoblacht na Síne a bhunú ar na fíorais a bhí ar fáil. Chuir an Coimisiún i dtábhacht freisin go bhféadfadh níos lú fabhair a bheith ag baint le toradh a bheadh bunaithe ar fhíorais a bhí ar fáil don pháirtí lena mbaineann agus d'iarr sé ar Rialtas na Síne barúil a thabhairt. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil. Níor chláraigh Daon-Phoblacht na Síne mar pháirtí leasmhar san imeacht.

(40) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir le saobhadh suntasach a leagtar amach thíos a bheith ann bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil. Go háirithe, bhí an Coimisiún ag brath ar an bhfaisnéis a bhí san iarraidh ar athbhreithniú agus ar fhoinsí eile faisnéise a bhí ar fáil go poiblí amhail suíomhanna gréasáin ábhartha.

(41) I gcomhréir le hAirteagal 18(1) den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil nó go dtosófaí í arís a leagtar amach thíos bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil. Go háirithe, bhí an Coimisiún ag brath ar an bhfaisnéis a bhí san iarraidh ar athbhreithniú agus sa staidreamh atá bunaithe ar na sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 14(6) den bhun-Rialachán ("bunachar sonraí 14(6)"), agus Eurostat. Ina theannta sin, bhain an Coimisiún úsáid as foinsí eile faisnéise a bhí ar fáil go poiblí amhail bunachar sonraí an Global Trade Atlas ("GTA") agus suíomhanna gréasáin tháirgeoirí ábhartha na Síne ([18]).

### 3.2. **Dumpáil le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe**

(42) Mar a míníodh i roinn 4.3, b'fhiú níos mó ná aon trian d'allmhairí iomlána an táirge faoi athbhreithniú allmhairí na Síne isteach san Aontas. Cinneadh go raibh an méid d'allmhairí na Síne ionadaíoch chun críche an dumpáil a rinneadh le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe a ríomh.

#### 3.2.1. *Gnáthluach*

(43) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, "beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir".

(44) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "i gcás ina gcinntear […] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a thógáil go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díolachán ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa", agus "áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnach de chostais riaracháin, díolacháin agus costais ghinearálta agus i gcomhair brabús".

(45) Mar a mhínítear tuilleadh thíos i Roinn 3.2.2, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ag féachaint don easpa comhair ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, go raibh sé iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

#### 3.2.2. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

##### 3.2.2.1. Réamhrá

(46) Déantar "saobhadh suntasach" a shainiú in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán mar an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna nó na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, *inter alia*, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht beartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;

([18]) Féach na fonótaí a bhaineann go sonrach le cuideachta faoi na chéad ranna eile.

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá;

— rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát".

(47) De réir Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, sa mheasúnú ar an ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) cuirfear san áireamh, i measc nithe eile, liosta neamh-uileghabhálach gnéithe san fhoráil roimhe sin. De bhun Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, agus measúnú á dhéanamh ar an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na gnéithe seo ar phraghsanna agus ar chostais sa tír is onnmhaireoir den táirge faoi athbhreithniú. Go deimhin, toisc gur liosta neamhcharnach é an liosta sin, ní gá aird a thabhairt ar na gnéithe go léir chun toradh de shaobhadh suntasach a fháil. Thairis sin, féadfar na tosca fíorasacha céanna a úsáid chun a thaispeáint gur ann do cheann amháin nó níos mó de na gnéithe ar an liosta. Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá idir lámha. Féadfaidh an measúnú foriomlán ar an ann do shaobhadh comhthéacs ginearálta agus an cás sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágfaidh nach torthaí ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh iad na praghsanna ná na costais.

(48) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán *"i gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún le creidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith ann i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta"*.

(49) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil de réir tíre maidir le Daon-Phoblacht na Síne ([19]), ina dtaispeántar gur ann d'idirghabháil shubstainteach rialtais ar go leor leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i gcuid mhaith príomhthosca táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhar agus saothar) chomh maith le hearnálacha sonracha (amhail cruach agus ceimiceáin). Tugadh cuireadh do pháirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe ag tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt ina leith nó an fhianaise a fhorlíonadh. Cuireadh an Tuarascáil sa chomhad imscrúdaithe ag an gcéim thionscnaimh.

(50) Soláthraíodh fianaise bhreise san iarraidh ar athbhreithniú gur ann do shaobhadh suntasach in earnáil an aigéid shulfainiligh de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), a chomhlánaíonn an Tuarascáil. Chuir an t-iarratasóir fianaise ar fáil go bhfuil tionchar ag an saobhadh a luaitear sa Tuarascáil (go bhféadfadh tionchar a bheith aige ar a laghad) ar tháirgeadh agus ar dhíol an táirge faoi athbhreithniú, go háirithe de bharr go gcuireann an stát isteach go mór ar earnáil na gceimiceán, lena n-áirítear in earnálacha a bhaineann le táirgeadh aigéid shulfainiligh, go háirithe in earnálacha ionchuir agus a mhéid a bhaineann leis na tosca táirgeachta.

(51) Scrúdaigh an Coimisiún an raibh nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún é sin ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil ar an gcomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, a bhíonn ag brath ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú.

([19]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2.

3.2.2.2. Saobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne

(52) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap maidir le "*geilleagar margaidh sóisialach*". Cumhdaítear an coincheap sin i mBunreacht na Síne agus cinntear rialachas eacnamaíoch Dhaon-Phoblacht na Síne leis. Is é an príomhphrionsabal "*úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, eadhon, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre*". Is é an geilleagar faoi úinéireacht an Stáit "*fórsa ceannasach an gheilleagair náisiúnta*" agus tá sainordú ag an Stát maidir le "*comhdhlúthú agus fás an gheilleagair a áirithiú*" ([20]). Dá dhroim sin, ní hamháin go bhfágann comhdhéanamh foriomlán gheilleagar na Síne gur féidir idirghabhálacha substainteacha rialtais a dhéanamh sa gheilleagar, ach déantar idirghabhálacha den sórt sin a shainordú go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an duine príobháideach leata ar fud an chórais dlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnaigh reachtaíochta. Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an Stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead de réir dlí iad a fhorbairt taobh le taobh leis an úinéireacht Stáit ([21]).

(53) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir Stát na Sine agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud lena gcruthaítear forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an Stáit a idirdhealú óna chéile ann. Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht. Tar éis na chéad abairte atá cheana féin san fhoráil: "(i)*s é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne*" cuireadh dara habairt nua isteach ina léitear: "(i)*s í gné shainiúil an tsóisialachais le saintréithe Síneacha ná ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne*." ([22]) Léiríonn sé sin smacht gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch Dhaon-Phoblacht na Síne, smacht atá ag fás de shíor. Gné dhílis de chóras na Síne is ea an cheannaireacht agus an smacht sin agus gabhann siad thar an ngnáth-chás i dtíortha eile ina mbíonn smacht maicreacnamaíoch ginearálta ag na rialtais laistigh de na teorainneacha a mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir ag feidhmiú laistigh díobh.

(54) Bíonn Stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch crioscaíolach de bhun spriocanna, a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne in ionad a bheith ag léiriú na gcoinníollacha eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([23]). Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha crioscaíolacha in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le pleanáil thionsclaíoch, an córas airgeadais agus le leibhéal na timpeallachta rialála.

(55) Ar an gcéad dul síos, ar an leibhéal maidir le smacht riaracháin foriomlán, rialaítear treo gheilleagar na Síne trí chóras casta pleanála tionsclaíche a dhéanann difear do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile laistigh den tír. Cumhdaíonn iomláine na bpleananna sin maitrís chuimsitheach agus chasta earnálacha agus beartais trasearnála agus tá siad i láthair ar gach leibhéal den rialtas. Bíonn na pleananna ar leibhéal cúige mionsonraithe agus leagtar spriocanna níos leithne síos sna pleananna náisiúnta. Sonraítear sna pleananna freisin na bealaí a úsáidtear chun tacú leis na tionscail/hearnálacha ábhartha chomh maith leis na tréimhsí ama ina gcaitear na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha aschuir i roinnt pleananna i gcónaí cé gur ghné thráthrialta de thimthriallta pleanála roimhe seo a bhíodh ansin. Faoi na pleananna, tá aird ar leith á tabhairt ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir le tosaíochtaí rialtais agus déantar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) a shannadh dóibh. Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir chinn phríobháideacha agus chinn faoi úinéireacht an Stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir an méid a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála i ndáiríre. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad a gcumhachtaí dílse dá réir sin, rud lena gcuirtear faoi deara dá bhrí sin do na hoibreoirí eacnamaíocha na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh (féach freisin Roinn 3.2.2.5 thíos) ([24]).

([20]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 6-7.
([21]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 10.
([22]) Le fáil arhttp://www.fdi.gov.cn/1800000121_39_4866_0_7.html (arna amharc go deireanach an 27 Deireadh Fómhair 2020).
([23]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 20-21.
([24]) Tuarascáil – Caibidil 3, lch. 41, 73-74.

(56) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, tá an lámh in uachtar ag na bainc thráchtála faoi úinéireacht an Stáit ar chóras airgeadais Dhaon-Phoblacht na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith (féach freisin Roinn 3.2.2.8 thíos) ([25]). Tá an rud céanna fíor maidir leis na comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháideacha, etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais seachas earnáil na baincéireachta bunaithe ar bhonn institiúide agus oibríochta ar bhealach nach bhfuil giaráilte i dtreo fheidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach i dtreo smacht a áirithiú agus idirghabháil de chuid an Stáit agus Pháirtí Cumannach na Síne a cheadú ([26]).

(57) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt foirmeacha ag baint le hidirghabhálacha an Stáit sa gheilleagar. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta in iarracht spriocanna beartais seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaint amach, rud dá réir sin a bhaineann an bonn de na prionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh trí bheartais an Stáit a éascú. Mar sin féin, níl an cineál spriocanna atá i gceist sainithe go fóill, rud a fhágann dá bhrí sin corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([27]). Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, coimeádann Rialtas na Síne smacht suntasach agus tá tionchar suntasach aige ar cheann scríbe agus ar dhearbhmhéid na hinfheistíochta Stáit agus príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus coisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna beartais tionsclaíocha, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomh-earnálacha nó borradh a chur faoin tionscal intíre ([28]).

(58) Mar sin, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabháil rialtais agus a spreagann iad. Tagann idirghabhálacha substainteacha rialtais den sórt sin salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr sin ([29]).

3.2.2.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht beartais, nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir.

(59) I nDaon-Phoblacht na Síne, léiríonn fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht agus/nó faoi mhaoirseacht beartais nó faoi threoraíocht an Stáit cuid fhíor-riachtanach den gheilleagar.

(60) In éagmais aon chomhair ó Dhaon-Phoblacht na Síne, níl ach faisnéis theoranta ag an gCoimisiún maidir le struchtúr úinéireachta na gcuideachtaí atá gníomhach in earnáil an aigéid shulfainiligh i nDaon-Phoblacht na Síne. I measc na dtrí chuideachta sa tSín atá sonraithe mar phríomhtháirgeoirí ag an iarratasóir, dealraíonn sé go bhfuil siad go léir faoi úinéireacht phríobháideach. Mar sin féin, chinn an Coimisiún i gcás ceann amháin de na trí tháirgeoir – Cangzhou Lingang Yueguo Chemical Co., Ltd. – go bhfuil aonad táirgthe an fhiontair lonnaithe i gCrios Forbartha Eacnamaíoch agus Teicneolaíoch Cangzhou Lingang – páirc cheimiceán náisiúnta, atá faoi thionchar díreach Pháirtí Cumannach na Síne, mar ba léir freisin leis an tuairisc seo a leanas sna meáin: "*Ar maidin an 17 Iúil, bhí cruinniú páirtí ag Craobh an Pháirtí* de *Lárionad Seirbhíse Tionscadal Chrios Forbartha (Eacnamaíoch agus Theicneolaíoch Lingan) chun comóradh a dhéanamh ar chothrom an lae 99 mbliana ó bunaíodh an Páirtí chomh maith le tionól leathbhliana 2020 an Pháirtí. D'fhreastail Li Guoqing, Comhalta de Choiste Oibre an Pháirtí sa Chrios Forbartha, Leas-Chathaoirleach an Choiste Bainistíochta agus Rúnaí Choiste an Pháirtí sna fo-eintitis, ar an gcruinniú agus thug sé óráid uaidh.*" ([30]) I gcás

([25]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 120-121.
([26]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 122-135.
([27]) Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 167-168.
([28]) Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 169-170, 200-201.
([29]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 15-16, Tuarascáil – Caibidil 4, lch. 50, lch. 84, Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 108-9.
([30]) Féach:http://www.czcip.gov.cn/zonghexinxi/r-24281.html (arna amharc go deireanach an 27 Deireadh Fómhair 2020)

ceann eile de na cuideachtaí a luadh – Zhejiang Wulong Chemical Industrial Stock Co., Ltd. – chinn an Coimisiún, bunaithe ar na tuairiscí a thug Cónaidhm Tionscail agus Tráchtála Uile-Síne, go bhfuil dlúthcheangal ag an bhfiontar le Páirtí Cumannach na Síne toisc *"gur rátáladh é mar ardeagraíocht Pháirtí sa phobal ar leibhéal contae agus baile ar feadh blianta fada. Sa chuideachta seo ina bhfuil beagnach 1 000 fostaí, chruthaigh an plódú daonra a tháinig isteach deacrachtaí do na hiarrachtaí an páirtí a fhorbairt. Dá bhrí sin, d'oibrigh craobh an Pháirtí sa chuideachta go dian chun bealaí nua a fhiosrú ina bhféadfaidís an páirtí a fhorbairt sa chuideachta agus an obair chun an Páirtí a fhorbairt a leathnú amach chuig gach roinn den chuideachta. […] Dúirt Song Yunchang nach dtugann go leor fostaithe de chuid na cuideachta aird ach ar obair tháirgthe amháin agus nach bhfuil tuiscint láidir acu ar an obair a dhéantar chun an Páirtí a fhorbairt. Dá bharr sin, is féidir le fostaithe, agus go háirithe comhaltaí den pháirtí an tuiscint idé-eolaíoch a fheabhsú. […] Gach ráithe, tionólann craobh an Pháirtí coiste craoibhe chun staidéar a dhéanamh ar an obair atá ar siúl chun an Páirtí a fhorbairt agus anailís a dhéanamh ar staid chomhaltaí an Pháirtí. Dúirt Song Yunchang gur smaoinigh craobh an Pháirtí sa chuideachta freisin trí nuálaíocht chórais "* ([31]).

(61) Faoi mar a chuir an t-iarratasóir isteach, déanann ceann eile de na trí tháirgeoir mhóra aigéid shulfainiligh sa tSín – Hebei Honggang Chemical Industry Co., Ltd – aigéad sulfainileach a onnmhairiú trí dhá chuideachta thrádála ar a laghad atá faoi úinéireacht an Stáit (Northeast Pharmaceutical Group Import and Export Trade Co., Ltd. agus China Jiangsu International Economic and Technical Cooperation Group Co., Ltd). Thairis sin, de réir an iarratasóra, tá na trí thrádálaí is mó d'aigéad sulfainileach ([32]) go léir faoi úinéireacht an Stáit agus rinne siad onnmhairiú i rith na chéad seacht mí de 2019 ar bhreis is 4 000 tona d'aigéad sulfainileach, rud arbh ionann é agus 64 % de na honnmhairí go léir ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa tréimhse sin.

(62) Maidir le soláthraithe na n-ionchur chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh, arna chur isteach ag an iarratasóir agus arna dheimhniú sna himscrúduithe roimhe sin, is é anailín an príomh-amhábhar i monaraíocht aigéid shulfainiligh, ag léiriú 35 % de na costais táirgthe. De réir na hiarrata ar athbhreithniú, agus arna dheimhniú ag foinsí eile, ceann de phríomhtháirgeoirí an anailín ar scála domhanda is ea an chuideachta Shíneach Wanhua Chemical (nó Yantai Wanhua) ([33]). In 2019, dar le hiris speisialaithe ar líne gurbh é Wanhua Chemical an 37ú cuideachta cheimiceán is mó ar domhan ([34]). Is é Yantai Guofeng Investment Holdings Ltd (Yantai Guofeng) an scairshealbhóir is mó sa chuideachta, cuideachta atá faoi úinéireacht iomlán Choimisiún Riarachán agus Fhaireachán na Sócmhainní atá faoi úinéireacht an Stáit (SASAC) de chuid Rialtas Chathair Yantai ([35]). I dtuarascáil bhliantúil Wanhua Chemical don bhliain 2019, tá Yantai Guofeng ar an bpríomh-eintiteas rialaithe in Wanhua Chemical ([36]). Chuige sin, fuair an Coimisiún amach freisin i dtuairiscí meán go bhfuil ról ceannasach ag Páirtí Cumannach na Síne i bpróisis oibríochtaí agus cinnteoireachta na cuideachta: *"Dúirt Zhou Zhe, leas-rúnaí Choiste an Pháirtí in Wanhua, go mothálach: "taithí mhór is cúis le rath Wanhua le 40 bliain anuas. Ach d'fhéadfá cur síos a dhéanamh air in aon abairt amháin, is é sin, dílseacht don Pháirtí agus leas maith á bhaint as gach beartas athchóirithe a d'eisigh an Páirtí!" Ó Li Jiankui, an chéad chathaoirleach agus rúnaí an Pháirtí go dtí Ding Jiansheng, cathaoirleach agus rúnaí an Pháirtí sa chuideachta chomhstoic agus Liao Zengtai, an cathaoirleach reatha agus rúnaí an Pháirtí, "duine amháin" a bhí i gceist i gcónaí le rúnaí choiste an Páirtí in Wanhua agus cathaoirleach an bhoird. Áirithíonn sé sin go mbeidh príomhról ag coiste an Pháirtí trí iallach a chur ar an bhfiontar an cúrsa a leagadh síos a leanúint, ag maoirsiú na n-oibríochtaí foriomlána agus ag áirithiú go gcuirtear cinntí chun feidhme. Áirithíonn Wanhua go bhfuil craobh Pháirtí ann le haghaidh gach aonaid táirgthe agus gur sciath chosanta láidir iad anois. Dá bhrí sin, nuair a thagann an crua ar an tairne, bíonn an cumannach chun tosaigh i gcónaí"* ([37]).

---

([31]) Féach:https://www.acfic.org.cn/gdgsl_362/zj/zjgslgz/200901/t20090123_23197.html (arna amharc go deireanach an 27 Deireadh Fómhair 2020)

([32]) Northeast Pharmaceutical Group Import And Export Trade Co., Ltd., China Jiangsu International Economic And Technical Cooperation Group Co., Ltd. agus Zhejiang Chemicals Import & Export Corporation,

([33]) Féach:https://www.globenewswire.com/news-release/2020/03/18/2002467/0/en/Global-Aniline-Market-Opportunities-to-2025-Innovations-in-the-Production-of-Aniline-from-Biomass.html agushttps://teletype.in/@skr-tt/rkrLj4e3Q (arna amharc araon go deireanach an 26 Deireadh Fómhair 2020)

([34]) Féach:https://cen.acs.org/business/finance/CENs-Global-Top-50-chemical/97/i30 (arna amharc go deireanach an 26 Deireadh Fómhair 2020)

([35]) Féachhttp://gzw.yantai.gov.cn/art/2019/8/21/art_9289_2493465.html (arna amharc go deireanach an 26 Deireadh Fómhair 2020)

([36]) Féach:http://static.sse.com.cn//disclosure/listedinfo/announcement/c/2020-03-31/600309_2019_n.pdf, lgh. 52-54 (arna amharc go deireanach an 26 Deireadh Fómhair 2020)

([37]) Féach an t-alt ar shainseirbhís ar líne PUdaily: *Wanhua's Pursuit of Reform — An Exemplar of China's State-owned Enterprise Reform*. 10 Meitheamh 2019,http://www.pudaily.com/News/NewsView.aspx?nid=77913 (arna amharc go deireanach an 27 Deireadh Fómhair 2020).

(63) Is féidir Wanhua Chemical, príomhtháirgeoir anailín i nDaon-Phoblacht na Síne agus ar fud an domhain, a mheas dá bhrí sin mar tháirgeoir atá faoi smacht an Stáit. Leis an seasamh atá aige, ní mór féachaint air freisin mar gníomhaí tábhachtach i margadh ceimiceán na Síne, i mbun roinnt idirghníomhaíochtaí tráchtála leis an gcuid eile de chreatlach na hearnála, mar shampla, i ndáil le hionchuir a fhoinsiú ([38]). Is féidir le soláthóirí eile anailín a mheas freisin mar rannpháirtithe gníomhacha d'earnáil pheitriceimiceán na Síne. Maidir leis an earnáil sin, chinn an Coimisiún, de réir staidreamh náisiúnta, gurbh ionann fiontair atá faoi úinéireacht an Stáit in earnáil cheimiceán na Síne agus 52 % de shócmhainní iomlána na gcuideachtaí ceimiceán in 2015 ([39]). Bhí ról ceannasach riamh ag na fiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, go háirithe na fiontair mhóra lárnacha, i dtionscal peitriceimiceán Dhaon-Phoblacht na Síne i ngeall ar a staid olagaplachta i gcúrsaí réamhtheachtacha/bunábhar, a rochtain éasca ar shócmhainní a leithdháileann an rialtas (cistí, iasachtaí, talamh, etc.) agus a dtionchar láidir i gcinnteoireacht an rialtais.

(64) Maidir leis an méid thuas, coinníonn Rialtas na Síne agus Páirtí Cumannach na Síne struchtúir ar bun lena n-áirithítear go mbeidh tionchar leanúnach acu ar fhiontair, agus go háirithe fiontair atá faoi úinéireacht an Stáit nó faoi smacht an Stáit. Ní hamháin go ndéanann an Stát (agus Páirtí Cumannach na Síne freisin ar go leor bealaí) beartais eacnamaíocha ghinearálta na gcuideachtaí sin atá faoi úinéireacht an Stáit nó faoi smacht an Stáit a cheapadh agus go ndéanann siad maoirseacht ar a gcur chun feidhme, ach éilíonn sé a chearta freisin maidir le bheith rannpháirteach ina gcinnteoireacht oibríochta. Déantar é sin de ghnáth tríd an meánbhainistíocht a rothlú idir údaráis an rialtais agus na cuideachtaí sin, trí chomhaltaí an pháirtí a bheith rannpháirteach i gcomhlachtaí feidhmiúcháin na gcuideachtaí agus "cealla páirtí" i struchtúir na gcuideachtaí (féach freisin Roinn 3.2.2.4), chomh maith lena dhéanamh trí struchtúr corparáideach na hearnála a mhúnlú ([40]). Ina ionad sin, baineann fiontair atá faoi úinéireacht an Stáit nó faoi smacht an Stáit leas as stádas ar leith laistigh de gheilleagar na Síne, ina gcuimsítear roinnt buntáistí eacnamaíocha, go háirithe cosaint a thabhairt ar iomaíochas agus rochtain thosaíochta ar ionchuir ábhartha, lena n-áirítear maoiniú ([41]). Déantar forbairt bhreise i Roinn 3.2.2.4 thíos ar na gnéithe a dhíríonn ar an smacht atá ag an rialtas ar fhiontair i slabhra luacha an aigéid shulfainiligh, agus in earnáil na gceimiceán trí chéile.

(65) Le leibhéal suntasach idirghabhála an rialtais i dtionscal ceimiceán na Síne, lena n-áirítear laistigh de shlabhra luacha an aigéid shulfainiligh, agus an sciar suntasach d'fhiontair faoi úinéireacht an Stáit san earnáil, cuirtear cosc fiú ar tháirgeoirí atá faoi úinéireacht phríobháideach ó fheidhmiú faoi choinníollacha an mhargaidh. Tá fiontair atá faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach araon atá gníomhach in earnáil cheimiceán na Síne, lena n-áirítear táirgeoirí aigéid shulfainiligh agus táirgeoirí na n-ionchur is gá chun aigéad sulfainileach a tháirgeadh, faoi réir, go díreach nó go hindíreach, maoirseachta agus treoraíochta beartais freisin mar atá leagtha amach i Roinn 3.2.2.5 thíos.

3.2.2.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas

(66) Seachas smacht a chur i bhfeidhm ar an ngeilleagar trí bhíthin úinéireachta ar fhiontair faoi úinéireacht an Stáit agus uirlisí eile, tá sé ar chumas Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí. Cé go bhféadfaí an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomh-phearsanra bainistíochta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus a chur as a bpoist, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, a mheas mar rud a léiríonn na cearta úinéireachta a chomhfhreagraíonn dó sin ([42]), léiríonn cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir chinn atá faoi úinéireacht an stáit agus chinn phríobháideacha araon, modh tábhachtach eile trína féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachta Dhaon-Phoblacht na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne ([43])) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na héilimh atá aige

([38]) Féach tuairisc na cuideachta ar chomhaontú Wanhua leis an bhfiontar atá faoi úinéireacht an Stáit Sinopec Nanjing Chemical maidir le comhar straitéiseach i ndáil le hanailín: "*An 8 Feabhra, bhí searmanas sínithe an chomhair straitéisigh maidir le hanailín ag Yantai Wanhua Polyurethanes Co., Ltd. agus SINOPEC Nanjing Chemical Co., Ltd. i gcathair ársa Nanjing. Rinne na rannpháirtithe athbhreithniú le chéile ar an taifead 10 mbliana dá gcomhar déthaobhach gnó maidir le hanailín, thug siad achoimre ar a dtaithí rathúil ar an gcomhar sin agus rinneadh plé críochnúil ansin ar a gcaidreamh comhair straitéisigh sa todhchaí agus thángthas ar chomhaontú maidir le leathnú an chomhair agus an chomhfhorbairt go fadtéarmach. Tugann an Comhaontú Comhair Straitéisigh maidir le hAnailín a síníodh idir Yantai Wanhua agus Nanjing Chemical Co., Ltd. (Nanhua) ráthaíocht chobhsaí ar chostas íseal chun amhábhair anailín a sholáthar i rith a chéime forbartha tapa. An tráth céanna, éiríonn leis feabhas a chur ar na hinniúlachtaí atá ag an dá chuideachta cur in aghaidh an riosca eacnamaíoch, rud lena gcruthaítear dá bhrí sin coinníollacha fabhracha do chomhar agus forbairt bhreise an dá Pháirtí.*" 9.2.2012.https://www.whchem.com/en/newsmedia/news/271.shtml (arna amharc go deireanach an 27 Deireadh Fómhair 2020)

([39]) Sonraí le haghaidh 2015 ar bhonn Leabhar Bliana Staidrimh na Síne 2016, Biúró Náisiúnta Staidrimh na Síne.

([40]) Tuarascáil – Caibidil 3, lgh. 22-24 agus Caibidil 5, lgh. 97-108.

([41]) Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 104-9.

([42]) Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 100-1.

([43]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 26

go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don "tírghrá" agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh ([44]). In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach ([45]). Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear táirgeoirí an aigéid shulfainiligh agus soláthróirí a gcuid ionchur.

(67) Mar shampla, tá forluí pearsanta ag struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne leis an gcomhlacht bainistíochta i gcás cuideachta amháin ar a laghad – Wanhua Chemical – a tháirgeann, mar a luadh cheana féin, méideanna móra anailín (an príomh-chomhábhar ionchuir in aigéad sulfainileach). Chinn an Coimisiún go bhfuil an post mar rúnaí an Pháirtí ag cathaoirleach reatha an fhiontair, Liao Zengtai, freisin. Ina theannta sin, tá duine de stiúrthóirí Wanhua Chemical, agus cathaoirleach a chuideachta scairsheilbhe agus rialaithe Yantai Guofeng, ina chomhalta den Pháirtí Cumannach, agus fónann sé mar rúnaí ar chraobh an Pháirtí san fhiontar sin. Roimhe seo, bhí sé mar Chomhalta Coiste an Pháirtí ar Yantai SASAC, agus mar cheannaire ar Roinn Meastóireachta Staidrimh an eintitis phoiblí sin ([46]). Sampla eile chun láithreacht an Pháirtí a léiriú i réimse corparáideach earnáil na gceimiceán, i struchtúir cheann de phríomh-onnmhaireoirí an aigéid shulfainiligh i nDaon-Phoblacht na Síne – China Jiangsu International Economic and Technical Cooperation Group – tá lucht foirne ardbhainistíochta na cuideachta cleamhnaithe leis an bPáirtí ([47]). Tuairiscíonn an chuideachta í féin freisin maidir le gníomhaíochtaí inmheánacha a bhaineann leis an bPáirtí: "*Tráthnóna an 18 Eanáir, thionóil Coiste an Pháirtí in China Jiangsu International Group Company athbhreithniú bliantúil 2018 ar obair Rúnaí Eagraíocht an Pháirtí maidir le Forbairt an Pháirtí sa phobal agus ar Chomhdháil um Shannachán Obair Forbartha an Pháirtí 2019*" ([48]). Maíonn ceann eile d'onnmhaireoirí móra an aigéid shulfainiligh a luadh níos túisce – Northeast Pharmaceutical Group Import and Export Trade Co., Ltd. – go bhfuil "*éisteacht le focail an Uachtaráin Xi, agus an Páirtí a leanúint*" ar cheann dá bheartais chorparáideacha agus go bhfuil "*Ní mór do reáchtáil gnó a bheith tairbheach don rialtas*" ([49]) ar cheann dá luachanna corparáideacha.

(68) Tá éifeachtaí saofa breise ag láithreacht agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais (féach freisin Roinn 3.2.2.8 thíos) chomh maith le soláthar amhábhar agus ionchur ar an margadh ([50]). Dá réir sin, de bharr go mbíonn an Stáit i láthair i ngnólachtaí, lena n-áirítear fiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, in earnálacha an aigéid shulfainiligh agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir) faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

3.2.2.5. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir

(69) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh a bheag nó a mhór le córas mionléirithe pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir agus na rialtas áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór. Tá na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála de chineál ceangailteach agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna a bhíonn ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas. Ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú chuig earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile ag an rialtas, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([51]).

([44]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 31-2.

([45]) Ar fáil arhttps://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU (arna amharc go deireanach an 27 Deireadh Fómhair 2020).

([46]) Féach suíomh gréasáin na cuideachta:https://www.whchem.com/cn/aboutus/management/directorboard.shtml (arna amharc go deireanach an 27 Deireadh Fómhair 2020)

([47]) Féach suíomh gréasáin na cuideachta:http://www.zjgj.com/intro/21.html (arna amharc go deireanach an 27 Deireadh Fómhair 2020)

([48]) Féach suíomh gréasáin na cuideachta:http://www.zjgj.com/news/2540.html (arna amharc go deireanach an 27 Deireadh Fómhair 2020)

([49]) Féach suíomh gréasáin na cuideachta:http://www.nepharm.com.cn/article/index/cid/88.html (arna amharc go deireanach an 28 Deireadh Fómhair 2020)

([50]) Tuarascáil – Caibidlí 14.1 go 14.3.

([51]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 41-42, 83.

(70) Measann Rialtas na Síne gur earnáil thábhachtach é tionscal na gceimiceán, lena mbaineann táirgeoirí aigéid shulfainiligh agus a soláthróirí ionchuir. Deimhnítear é sin sna pleananna, treoracha éagsúla agus doiciméid iomadúla a bhaineann le hearnáil na gceimiceán, a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach ([52]).

(71) Go sonrach, maidir le holaifíní – an grúpa táirgí ceimiceacha lena mbaineann beinséin (an t-amhábhar i gcomhair anailín – an príomh-ionchur den aigéad sulfainileach) – is féidir fócas ar leith maidir le táirgeadh an aigéid sin a fháil sa 13ú Plean Náisiúnta Cúig Bliana ([53]). Cumhdaítear olaifíní freisin ag forálacha an 13ú Plean do Thionscal na bPeitriceimiceán agus do Thionscal na gCeimiceán (2016-2020), trína mbunaíonn an Stát cosáin forbartha le haghaidh fo-earnálacha ceimiceán sonracha, lena n-áirítear bainistíocht soláthair agus slabhra luacha, chomh maith le spriocanna tionsclaíochta a leagan síos, rudaí le chéile ar féidir leo tionchar díreach a bheith acu ar fhórsaí an mhargaidh sna fo-earnálacha sin. I gcás olaifíní, ordaíonn an Stát: "*Go gcuirfí dlús faoi thógáil príomh-thionscadal peitriceimiceáin a chur chun cinn. […] Go n-ullmhófaí d'úsáid acmhainní idirnáisiúnta agus intíre araon, go ndéanfaí meatánól go holaifíní a fhorbairt go hiomchuí, go ndéanfaí díhidriginiú ar phrópáin go próipiléin, go ndéanfaí sciar na dtáirgí nach bhfuil bunaithe ar pheitriliam a ardú i dtoirt táirgeachta eitiléin agus próipiléin, go ndéanfaí feabhas a chur ar inniúlacht shlándáil an tsoláthair*" ([54]) agus fógraíonn sé "*go gcuirfidh sé tógáil seacht bpríomh-bhonn thionsclaíocha peitriceimiceán agus príomhthionscadal chun cinn go hordúil, go gcuirfidh sé feabhas ar an acmhainn maidir leis an bhfáil a bheidh ar olaifíní, cumhránaic, agus ar buntáirgí eile a ráthú, agus go gcuirfidh sé feabhas ar an gcomhtháthú a bhaineann le mínghlanadh*" ([55]).

(72) I ndoiciméid bheartais ardphróifíle eile de chuid na Síne, amhail Treoirlínte Chomhairle an Stáit maidir le Coigeartú Struchtúir, Claochlú, agus Fás Brabúsachta an Tionscail Peitriceimiceáin, leagadh amach i measc a gcuid príomhspriocanna bainistíocht na bpatrún soláthair maidir le holaifíní: "*Déanfar struchtúr inniúlacht na táirgeachta a bharrfheabhsú de réir a chéile. […] Déanfar inniúlacht ráthaíochta soláthair olaifíní, cumhránaic, agus amhábhar bunúsach eile a fheabhsú go suntasach*" ([56]).

(73) Déantar forálacha na bpleananna agus na dtreoirlínte ar fud na tíre a léiriú i ndoiciméid pleanála cúige, amhail an 13ú Plean Cúig Bliana d'Fhorbairt Thionscal na gCeimiceán i gCúige Jiangsu (2016-2020), lena n-éilítear cé na céimeanna ba cheart do gach réigiún a dhéanamh i dtaca leis an mbonn tionsclaíoch agus a inniúlacht, chomh maith le foinsí soláthair, eadhon i ndáil le holaifíní: "*áiritheoidh bonn peitriceimiceáin Nanjing go ndéanfar táirgí scagtha, olaifíní agus hidreacarbóin aramatacha a chomhtháthú agus a fhorbairt, (agus) áiritheofar go ndéanfar forbairt ardluacha ar tháirgí iartheachtacha*" ([57]). Mar an gcéanna, tá olaifíní le fáil freisin sa 13ú Plean do Thionscal na bPeitriceimiceán do Chúige Hebei, áit ina bhfuil sé mar aidhm ag na húdaráis patrúin forbartha struchtúracha a stiúradh le haghaidh comhpháirteanna sonracha den tionscal, mar aon le rialú inniúlachta, lena n-ordaítear go háirithe: "*Forbairt guail a bhrostú – gliocól eitiléine, gual (meatánól) a fhorbairt de réir a chéile – olaifíní, agus an inniúlacht táirgeachta le haghaidh olaifíní nach bhfuil bunaithe ar pheitriliam a ardú, saoráidí hidreacarbóin gual go hidreacarbón aramatach a thógáil i suíomhanna iomchuí sna limistéir chósta, agus leibhéal comhchruinnithe an tionscail a ardú agus a uas-scálú, […]*" ([58]).

(74) Chinn an Coimisiún freisin go raibh amhábhar eile a úsáideadh chun aigéad sulfainileach a tháirgeadh – aigéad sulfarach – faoi réir beartas poiblí i gcúige Hebei, faoin 13ú Plean do Thionscal na bPeitriceimiceán le haghaidh Chúige Hebei, i dtaca le hinniúlacht nua táirgeachta a rialú: "*(Cuirfidh Hebei)[…] coinníollacha iontrála na hearnála chun feidhme go docht – rialóidh sé aon tionscadal inniúlachta nua táirgeachta maidir le cóc, alcaile loiscneach, carbónáit shóidiam, aigéad sulfarach, cairbíd chailciam PVC, meatánól, ruaimeanna, etc*" ([59]).

([52]) Tuarascáil – Caibidil 16, lgh. 406-424.
([53]) Tuarascáil – Caibidil 16, lch. 401
([54]) Tuarascáil – Caibidil 16, lch. 411
([55]) 13ú Plean Bliana do Thionscal na bPeitriceimiceán agus do Thionscal na gCeimiceán, Roinn III.7
([56]) Doiciméad Uimh. 57 de Chomhairle an Stáit. 23 Iúil 2016, Roinn I.3.http://www.gov.cn/zhengce/content/2016-08/03/content_5097173.htm (arna amharc go deireanach an 27 Deireadh Fómhair 2020).
([57]) Tuarascáil – Caibidil 16, lch. 419
([58]) Tuarascáil – Caibidil 16, lch. 424
([59]) Tuarascáil – Caibidil 4, lch. 70

(75) Stiúrann Rialtas na Síne forbairt earnáil na gceimiceán i gcomhréir le raon leathan uirlisí, mar shampla trí fhóirdheontais Stáit a sholáthar, eadhon do tháirgeoirí anailín – an príomh-amhábhar a úsáidtear chun aigéad sulfainileach a tháirgeadh. Deimhnítear i dtuarascálacha bliantúla Wanhua Chemicals, atá ar cheann de na príomhtháirgeoirí anailín, go bhfuair an chuideachta na méideanna seo a leanas de fhóirdheontais rialtais: in 2019 – RMB 907 milliún ([60]); in 2018 – RMB 1 bhilliún; in 2017 – RMB 1,3 billiún ([61]).

(76) Thairis sin, chinn an Coimisiún gur cuireadh cur chun feidhme tionscadail de mhéid náisiúnta, ina dtaispeántar an caidreamh dlúth leis an Stát, a mbaineann an chuideachta tairbhe as, ar iontaoibh Wanhua Chemicals le déanaí, mar chuideachta faoi smacht an Stáit: "*I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'eisigh Riarachán Caighdeánaithe Náisiúnta na Síne freagra foirmiúil, ag ceadú Yantai Wanhua Chemical Group Co., Ltd. mar an fiontar atá i gceannas ar ullmhú agus ar thógáil an bhoinn nuálaíochta náisiúnta don chaighdeán teicniúil (ábhair nua cheimiceacha)*" ([62]).

(77) Ina theannta sin, maidir le beinséin, an t-ionchur ceimiceach a úsáidtear chun anailín a tháirgeadh, chinn an Coimisiún go gcuireann Daon-Phoblacht na Síne cáin onnmhairiúcháin 40 % i bhfeidhm ([63]). Ní chuireann sé aon dleacht onnmhairiúcháin i bhfeidhm áfach ar tháirgí iartheachtacha de bheinséin, lena n-áirítear aigéad sulfainileach.

(78) Tríothu sin agus trí bhealaí eile, tá na hamhábhair a úsáidtear chun aigéad sulfainileach a tháirgeadh faoi réir idirghabháil an rialtais, agus Rialtas na Síne ag stiúradh agus ag rialú beagnach gach gné maidir le forbairt agus feidhmiú earnáil na gceimiceán.

(79) Mar sin, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear anailín a tháirgeadh mar an príomh-amhábhar a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi athbhreithniú. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

3.2.2.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: easpa dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(80) De réir na faisnéise atá ar chomhad, déanann córas féimheachta na Síne seachadadh neamhleor ar a phríomhchuspóirí féin amhail éilimh agus fiachais a shocrú go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraítear go bhfuil sé sin fréamhaithe ar dhlí féimheachta na Síne atá bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leo sin a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne, áit ina bhfuil tearc-fhorfheidhmiú á dhéanamh ar chóras na Síne. Tá an líon féimheachtaí fós fíor-íseal i ndáil le méid gheilleagar na tíre, ní hamháin toisc go bhfuil roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, a fheidhmíonn go bunúsach mar dhídhreasacht i gcás comhduithe féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, agus bíonn tionchar díreach acu go minic ar thoradh na n-imeachtaí ([64]).

(81) Ina theannta sin, is léir go háirithe easnaimh an chórais maidir le cearta maoine i ndáil le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún i nDaon-Phoblacht na Síne ([65]). Is le Stát na Síne an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach faoi úinéireacht an Stáit). Tá a leithdháileadh ag brath go hiomlán ar an Stát. Is forálacha dlíthiúla iad sin a bhfuil sé mar aidhm acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ag praghsanna an mhargaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi rátaí an mhargaidh ([66]). Thairis sin, saothraíonn na húdaráis spriocanna polaitiúla sonracha lena n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme nuair a bhíonn talamh á leithdháileadh ([67]).

([60]) Féach:http://static.sse.com.cn//disclosure/listedinfo/announcement/c/2020-03-31/600309_2019_n.pdf, lch. 160 (arna amharc an 28 Deireadh Fómhair 2020)

([61]) Féach:http://static.sse.com.cn//disclosure/listedinfo/announcement/c/2019-04-23/600309_2018_n.pdf, lch. 138 (arna amharc go deireanach an 28 Deireadh Fómhair 2020)

([62]) Féach:http://www.yantai.gov.cn/art/2020/6/28/art_20330_2762266.html (arna amharc go deireanach an 28 Deireadh Fómhair 2020)

([63]) http://transcustoms.com/China_HS_Code/China_Tariff.asp?HS_Code=2902200000 (arna amharc go deireanach an 29 Deireadh Fómhair 2020)

([64]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 138-149.

([65]) Tuarascáil – Caibidil 9, lch. 216.

([66]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 213-215.

([67]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 209-211.

(82) Amhail earnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí aigéid shulfainiligh faoi réir ghnáthrialacha dhlíthe féimheachta, corparáideacha, agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú reatha a tharraingeodh amhras ar na torthaí sin. Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart, rud a chruthaíonn saobhadh dá réir sin nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád sócmhainneach agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin in earnáil na gceimiceán, lena n-áirítear earnáil an aigéid shulfainiligh agus na hearnálacha ina monaraítear na hamhábhair a úsáidtear chun aigéad sulfainileach a tháirgeadh.

(83) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó go rabhthas á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil na gceimiceán, lena n-áirítear i dtaca leis an táirge faoi athbhreithniú.

3.2.2.7. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá

(84) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán i nDaon-Phoblacht na Síne toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí lena gcearta maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh Daon-Phoblacht na Síne roinnt de choinbhinsiúin riachtanacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe iad sin a bhaineann le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([68]). Faoin dlí náisiúnta, níl ach eagraíocht ceardchumainn amháin gníomhach. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis Stáit agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós bunúsach ([69]). Thairis sin, cuirtear srian ar shoghluaisteacht lucht saothair na Síne de bharr an chórais clárúcháin teaghlaigh, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile d'áitritheoirí áitiúla i limistéar riaracháin ar leith. Fágann sé sin oibrithe nach bhfuil an clárú cónaitheachta áitiúil ina seilbh acu iad féin i staid leochaileach fostaíochta agus faigheann siad ioncam níos ísle ná na daoine a bhfuil an clárú cónaitheachta acu ([70]). Fágann na torthaí sin go ndéantar costais pá a shaobhadh i nDaon-Phoblacht na Síne.

(85) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh earnáil na gceimiceán, lena n-áirítear táirgeoirí aigéid shulfainiligh, faoi réir chóras dlí saothair na Síne ar ar tugadh tuairisc. Déanann an saobhadh ar chostais pá difear go díreach dá réir sin don earnáil aigéid shulfainiligh (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó an príomh-amhábhar lena tháirgeadh á dhéanamh) agus go hindíreach (le linn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne).

3.2.2.8. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile

(86) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal i nDaon-Phoblacht na Síne faoi réir saobhadh éagsúil.

(87) Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit i gcóras airgeadais na Síne ([71]), agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Ar an gcaoi chéanna le fiontair neamhairgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an Stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne go bunúsach a cheapann na feidhmeannaigh is airde sna hinstitiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit) ([72]) agus, arís ach an oiread le fiontair neamhairgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, cuireann na bainc beartais phoiblí arna gceapadh ag an rialtas chun feidhme go tráthrialta. Agus iad á dhéanamh sin, comhlíonann na bainc sainoibleagáid dhlíthiúil maidir lena ngnó a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na forbartha eacnamaíche agus sóisialta náisiúnta agus faoi threoraíocht bheartais thionsclaíocha an Stáit ([73]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, a dhíríonn maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha spreagtha nó atá tábhachtach ar shlí eile ([74]).

([68]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 332-337.
([69]) Tuarascáil – Caibidil 13, lch. 336.
([70]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 337-341.
([71]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 114-117.
([72]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 119.
([73]) Tuarascáil – Caibidil 6, lch. 120.
([74]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 121-122, 126-128, 133-135.

(88) Cé go n-aithnítear go dtagraíonn forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá le gnáth-iompraíocht baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le himscrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa an iasachtóra, tugtar le fios i bhformhór na fianaise, lena n-áirítear na torthaí a rinneadh in imscrúduithe cosanta trádála, nach bhfuil ag na forálacha sin ach ról tánaisteach maidir leis na hionstraimí dlí éagsúla.

(89) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear go mbíonn tionchar ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas. Tugtar le fios go láidir i meastacháin go gcomhfhreagraíonn rátálacha creidmheasa na Síne go córasach do rátálacha idirnáisiúnta níos ísle ([75]).

(90) Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, a dhíríonn maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha spreagtha nó atá tábhachtach ar shlí eile ([76]). Bíonn claonadh ann dá bharr sin i bhfabhar iasachtaí a thabhairt d'fhiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas an chaipitil do gach gníomhaí ar an margadh.

(91) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Mar thoradh air sin tá úsáid iomarcach á baint as infheistíocht chaipitil le torthaí níos ísle ar an infheistíocht. Léirítear é sin leis an bhfás le déanaí ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá i bhfeidhm sa chóras baincéireachta na gnáthfhreagairtí tráchtála.

(92) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais ann de bharr fhórsaí an mhargaidh shaoir fós, ach bíonn tionchar ag saobhadh a thagann chun cinn ón rialtas orthu. Go deimhin, léiríonn an sciar iasachtaithe ag an tagarmharc nó faoina bhun 45 % den iasachtú go léir fós agus tá dlús curtha faoi na hiarrachtaí dul i muinín creidmheasa spriocdhírithe, toisc gur tháinig méadú mór orthu sin ó 2015 in ainneoin dálaí eacnamaíocha a bheith imithe in olcas. Tarlaíonn praghsáil ró-íseal de thoradh rátaí úis a bheith níos ísle ná mar atá réasúnach, agus dá dheasca sin, baintear úsáid iomarcach as caipiteal.

(93) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas i nDaon-Phoblacht na Síne go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud lena mbeifí ag súil i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá thoradh sin, tá líon na n-iasachtaí neamhthuillmheacha tar éis dul i méid go tapa le blianta beaga anuas. Agus staid ann ina bhfuil líon na bhfiach atá i mbaol ag dul i méid, roghnaigh Rialtas na Síne mainneachtain a sheachaint. Dá dheasca sin, láimhsíodh saincheisteanna drochfhiachais trí fhiacha a thar-rolladh, rud lena gcruthaítear cuideachtaí "zombaí" mar a thugtar orthu, nó trí úinéireacht na bhfiach a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais ar chothromas), rud nach ionann agus deireadh a chur le fadhb fhoriomlán na bhfiach ná aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na faidhbe.

(94) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh le déanaí chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleatach leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh i nDaon-Phoblacht na Síne.

(95) Níor tíolacadh aon fhianaise lenar léiríodh go mbeadh earnáil an aigéid shulfainiligh díolmhaithe ó idirghabháil an rialtais sa chóras airgeadais mar a thuairiscítear thuas. Dheimhnigh an Coimisiún freisin gur bhain ceann de phríomhtháirgeoirí anailín (an príomh-amhábhar a úsáidtear chun aigéad sulfainileach a tháirgeadh) leas as fóirdheontais rialtais (féach aithris (75)). Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.

3.2.2.9. An nádúr sistéamach a bhaineann leis an saobhadh a thuairiscítear

(96) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil. Léirítear san fhianaise atá ar fáil gurb infheidhme fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a thuairiscítear thuas i Ranna 3.2.2.1 go 3.2.2.5 agus i gCuid A den Tuarascáil chomh maith, maidir leis an tír ar fad agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is ionann an scéal maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas i Ranna 3.2.2.6 go 3.2.2.8 thuas agus i gCuid B den Tuarascáil.

([75]) Féach Páipéar Oibre an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta "Resolving China's Corporate Debt Problem", le Wojciech Maliszewski, Serkan Arslanalp, John Caparusso, José Garrido, Si Guo, Joong Shik Kang, W. Raphael Lam, T. Daniel Law, Wei Liao, Nadia Rendak, Philippe Wingender, Jiangyan, Deireadh Fómhair 2016, WP/16/203

([76]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 121-122, 126-128, 133-135.

(97) Meabhraíonn an Coimisiún gur gá raon ionchur chun aigéad sulfainileach a tháirgeadh. Ina leith sin, tá Daon-Phoblacht na Síne ar cheann de phríomhtháirgeoirí an anailín – an príomh-amhábhar sa phróiseas táirgeachta sin (féach aithris (62)). Nuair a cheannaíonn táirgeoirí aigéid shulfainiligh na hionchuir sin i nDaon-Phoblacht na Síne nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(98) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an aigéid shulfainiligh le húsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear do na costais ionchuir uile freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstainteach an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna A agus B den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de. Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

3.2.2.10. Conclúid

(99) Leis an anailís a leagtar amach i Ranna 3.2.2.2 go 3.2.2.9, lena n-áirítear scrúdú ar an bhfianaise uile dá bhfuil ar fáil a bhaineann le hidirghabháil Dhaon-Phoblacht na Síne ina geilleagar i gcoitinne agus in earnáil na gceimiceán chomh maith (lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú), léiríodh nach bhfuil praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an lucht saothair, mar thoradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir toisc go ndéanann idirghabháil shubstainteach an rialtais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán difear dóibh mar a léirítear leis an tionchar iarbhír nó leis an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha dá liostaítear ann. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a bhunú sa chás sin.

(100) Dá dhroim sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh chun an gnáthluach a chomhdhéanamh ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola amháin, rud lena léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, is é sin, sa chás sin, ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola comhfhreagrach ó fhoinse iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, mar a phléitear sa roinn seo a leanas.

3.2.3. *Foinse iomchuí*

3.2.3.1. Barúlacha ginearálta

(101) Bunaíodh roghnú na foinse ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, thagair an Coimisiún do thíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([77]),

— Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin;

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír.

(102) Mar a mhínítear in aithrisí (30) agus (31), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh: an chéad nóta faoi thosca táirgeachta an 7 Bealtaine agus an dara nóta faoi na tosca táirgeachta an 25 Meán Fómhair. Tugtar tuairisc leis na nótaí sin ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha. Trí na nótaí sin, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas faoina rún an India a mheas mar fhoinse iomchuí ar na cúiseanna a luaitear in aithrisí (103), (104) agus (105) thíos. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin.

([77]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach,https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

3.2.3.2. Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne agus táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú

(103) I Nóta an 7 Bealtaine faoi thosca táirgeachta, mhínigh an Coimisiún gur cosúil nach dtáirgtear an táirge faoi athbhreithniú ach amháin san India agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM), ([78]) nach tír í ceachtar díobh ag a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne i gcomhréir leis na critéir a luaitear in aithris (101) thuas.

(104) Toisc nárbh fhéidir leis an gCoimisiún aon tír a aimsiú lenar bhain leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne agus atá ag táirgeadh táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus a bhaineann leis an táirge faoi athbhreithniú, thug an Coimisiún le fios i Nóta an 7 Bealtaine faoi thosca táirgeachta go lorgódh sé táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú i dtír lena mbaineann leibhéal forbartha atá difriúil le Daon-Phoblacht na Síne lena léireofar praghsanna neamhshaofa nó tagarmharcanna neamhshaofa de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a), an chéad mhír. Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche san India is ísle ná leibhéal Dhaon-Phoblacht na Síne. Dá bhrí sin, in imthosca inar ghá corrlach dumpála beacht a ríomh, níorbh iomchuí an tír sin mar gheall ar a leibhéal forbartha eacnamaíche a bheith níos ísle ná leibhéal Dhaon-Phoblacht na Síne. Toisc gur athbhreithniú éaga é an t-imscrúdú reatha áfach, inarb é an cheist cé acu is dócha go leanfar den dumpáil nó nach leanfar nó a tharlódh dumpáil an athuair gan beann ar an leibhéal iarbhír nó nach dtarlódh, mheas an Coimisiún an cheist an bhféadfadh an India an bonn a chomhdhéanamh go heisceachtúil chun na costais táirgtheagus díola in imthosca an cháis sin a bhunú nó nach bhféadfadh. I dtaca leis sin, thug an Coimisiún dá aire maidir leis an ngnáthluach a bunaíodh ar bhonn an chur chuige an-choimeádach sin, gur léiríodh dumpáil shuntasach cheana féin mar is léir ó chonclúid roinn 3.2.7 thíos. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár ghá féachaint ar roghanna malartacha eile mar sin.

(105) Tar éis na hiarrata, léiríodh leis an bhfaisnéis a bhí ar fáil don Choimisiún go raibh roinnt táirgeoirí san India a tháirgeann an táirge faoi athbhreithniú.

(106) D'fhíoraigh an Coimisiún ansin na sonraí airgeadais is gá agus atá ar fáil go poiblí san India i gcomhair na dtáirgeoirí sin. Dhírigh an Coimisiún ar chuideachtaí a raibh ráitis bhrabúis agus chaillteanais acu a bhí ar fáil go poiblí agus ina raibh sonraí i gcomhair na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus a bhí ina gcuideachtaí brabúsacha sa tréimhse sin. D'aimsigh an Coimisiún tuarascálacha bliantúla iniúchta i gcomhair na tréimhse ón 1 Aibreán 2018 go dtí an 31 Márta 2019 a bhí ar fáil ar líne i gcomhair Aarti Industries Limited ("Aarti") agus Daikaffil Chemicals India Limited.

(107) Tá comhaontú comhair ag Daikaffil India Limited le cuideachta eachtrach. Luaitear ar shuíomh gréasáin Daikaffil ([79]) go ndearna an chuideachta eachtrach sin maoirsiú agus rialú díreach ar cháilíocht táirgeachta Daikaffil India Limited ina línte táirgeachta uile, agus gur sholáthair an chuideachta sin teicneolaíocht saor in aisce agus gur chomhaontaigh sí comhaontuithe aischeannaigh maidir le cuid den táirgeacht. Tá ráitis cosúil leis sin le feiceáil ar ráitis airgeadais na cuideachta. Is cosúil go dtugtar le fios san fhaisnéis a aimsíodh nach dtabhaíonn Daikaffil na costais táirgeachta sna himthosca sin a bheidh á dtabhú ag cuideachta eile a tháirgeann aigéad sulfainileach. Téann an staid sin i bhfeidhm ar chostais díola, ghinearálta agus riaracháin Daikaffil agus ar a brabús mar sin.

(108) Níor chuir aon pháirtí leasmhar in aghaidh an chinnidh go roghnófaí an India chun na costais táirgthe agus díola neamhshaofa a bhunú i gcomhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, ná gur chuir Aarti Industries Limited sonraí airgeadais iomchuí ar fáil chun críche an imscrúdaithe sin. Díríonn Aarti Industries Limited ar chatagóir leathan táirgí chun barainneacht scála agus sineirgí a bhaint amach, straitéis a aimsíodh i dtáirgeoirí aigéid shulfainiligh i dtíortha a bhfuil leibhéal forbartha níos airde ná an India acu. Cé gur cuideachta de ghrúpa níos mó í, fuarthas go raibh gnó bainistíochta Aarti Industries Limited cosúil le gnó an iarratasóra mar gheall ar éagsúlacht agus ar fheidhmíocht a ghnó.

3.2.3.3. Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha san India

(109) Rinne an Coimisiún anailís chúramach ar na sonraí ábhartha uile dá raibh ar fáil sa chomhad maidir leis na tosca táirgeachta san India agus thug an méid a leanas dá aire:

— Allmhairíodh na hionchuir, mar a bhunaítear i Nóta an 7 Bealtaine agus i Nóta an 25 Meán Fómhair, is gá chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

([78]) Maidir le táirgeadh domhanda an aigéid shulfainiligh, táirgtear é san Aontas, sna Stáit Aontaithe, i nDaon-Phoblacht na Síne agus san India.

([79]) http://www.daikaffil.com/collaboration.html (arna amharc go deireanach an 24 Samhain 2020)

— Tá líon suntasach cuideachtaí ceimiceán agus táirgeoirí aigéid shulfainiligh i Stát Maharashtra na hIndia. Úsáideadh sonraí sonracha ó Stát Maharashtra na hIndia seachas sonraí a bhain leis an India ar fad nuair a bhí siad ar fáil.

— Bhí taraif an tionscail leictreachais i gcomhair na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ar fáil i bhfoirm sonraí a sholáthair Coimisiún Rialála Leictreachais Maharashtra.

— Bhí praghsanna ar an ngás nádúrtha i gcomhair na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ar fáil go héasca i bhfoirm sonraí a sholáthair an Chill Phleanála agus Anailíse Peitriliam san India (ar cuid d'Aireacht Pheitriliam agus Gháis Nádúrtha na hIndia í).

— Soláthraítear an meánphá bliantúil ar shuíomh gréasáin na hAireachta Staidrimh san India. Soláthraítear an pá íosta in earnálacha monaraíochta agus in aghaidh an Stáit ar shuíomh gréasáin an Bhiúró Saothair san India.

(110) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ní mór méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus i gcomhair na mbrabús a bheith san áireamh sa ghnáthluach comhdhéanta. Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a bhunú chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta. Mar a luadh thuas, bhí ráitis airgeadais a bhí ar fáil go poiblí ag an táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na hIndia, Aarti, a d'fhéadfaí a úsáid mar ionadú chun méid neamhshaofa agus réasúnach a chinneadh i gcomhair costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus na mbrabús.

3.2.3.4. Conclúid maidir leis an India mar fhoinse iomchuí

(111) I bhfianaise na hanailíse thuas, measadh go heisceachtúil gurbh fhoinse iomchuí í an India ar bhonn Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán i gcomhair na gcostas agus na bpraghsanna neamhshaofa. Roghnaíodh an chuideachta Aarti chun na sonraí airgeadais ba ghá a fhoinsiú.

3.2.4. *Tosca táirgeachta*

(112) Mar a luaitear i Nóta an 7 Bealtaine agus i Nóta an 25 Meán Fómhair, rinne an Coimisiún anailís ar na sonraí uile dá raibh ar fáil maidir leis na tosca táirgeachta a sainaithníodh. Chinn an Coimisiún na foinsí agus na haonaid tomhais seo a leanas a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

*Tábla 1*

**Tosca táirgeachta an Aigéid Shulfainiligh**

| Toisc tháirgeachta | Cód HS | Foinsí sonraí | Luach aonaid neamhshaofa |
|---|---|---|---|
| Aigéad sulfarach; oiléam | 2807 00 | Global Trade Atlas (GTA) ([1]) | EUR 70,15/Tona méadrach |
| Anailín agus a shalainn | 2921 41 | Global Trade Atlas (GTA) | EUR 1 342,59/Tona méadrach |
| Carbón gníomhachtaithe | 3802 10 | Global Trade Atlas (GTA) | EUR 2 835,95/Tona méadrach |
| Uisce dímhianraithe | [N/BH] | Taraif uisce i gcomhair na dtionscal i Stát Maharashtra na hIndia | EUR 0,06/M3 |
| Uisce fuar | [N/BH] | Taraif uisce i gcomhair na dtionscal i Stát Maharashtra na hIndia | EUR 0,06/M3 |
| Lucht saothair | [N/BH] | Biúró Saothair na hIndia (Sonraí domhanda faoin meántuarastal bliantúil san India arna n-eachtarshuíomh i gcomhair Maharashtra) | EUR 0,92/Uair an chloig |
| Leictreachas | [N/BH] | Coimisiún Rialála Leictreachais Maharashtra | EUR 0,118/kWh |

| Toisc tháirgeachta | Cód HS | Foinsí sonraí | Luach aonaid neamhshaofa |
|---|---|---|---|
| Gás Nádúrtha | 2711 21 | Cill Phleanála agus Anailíse Peitriliam san India | EUR 0,11/Nm3 |
| Gal | [N/BH] | Sonraí an iarratasóra | Céatadán de chostais athraitheacha. |

([1]) http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm

3.2.4.1. Amhábhair

(113) Is iad aigéad sulfarach agus anailín na hamhábhair a úsáidtear chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh ([80]). I gcomhair na salann, i dteannta an dá amhábhar sin, bíonn sóidiam, potaisiam nó cailciam i gceist freisin. De bhrí nach gá don Choimisiún an corrlach dumpála beacht a ríomh in athbhreithnithe éaga, chinn sé neamhaird a dhéanamh de chostas breise na n-ábhar sin agus an gnáthluach ar na salainn á ríomh. D'fhág an cur chuige simplithe sin go bhfuarthas corrlach dumpála níos coimeádaí.

(114) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata an táirgeora is iomchí, a bhunú, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairithe ualaithe costais, árachais, last-táille (CAL) chuig an India mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin CAL san India mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([81]).

(115) Níor áirigh an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne isteach san India toisc gur tháinig sé ar an gconclúid i Roinn 3.2.2 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna atá i margadh intíre sa tSín difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Ar an gcaoi chéanna, níor áiríodh allmhairí san India ó thíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ([82]) ach oiread. Foráiltear le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh. Tar éis allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an India a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí d'aigéad sulfarach ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós (75,3 % de na méideanna iomlána arna n-allmhairiú isteach san India). De bhrí gur teoranta líon na n-allmhairí anailín chuig an India ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne, d'fhéach an Coimisiún le tagarmharcanna ionadaíocha eile a aimsiú.

(116) Níor aimsigh an Coimisiún aon phraghas tagarmhairc ionadaíoch idirnáisiúnta neamhshaofa ar an anailín sa saormhargadh. Is í an tSín an príomhghníomhaí fós ar domhan, agus beagnach 50 % d'acmhainneacht anailín an domhain aici, agus Iarthar na hEorpa agus na Stáit Aontaithe ina diaidh ([83]). Ina theannta sin, tá an saormhargadh i gcomhair an anailín san Aontas agus sna Stáit Aontaithe teoranta ([84]). Úsáidtear thart faoi 90 % den anailín a dhéantar a tháirgeadh ar fud an domhain chun MDI ([85]), ábhar insliúcháin, a tháirgeadh. Is é an t-iarratasóir an t-aon táirgeoir anailín san Eoraip é nach bhfuil comhtháite le táirgeadh MDI ([86]).

([80]) Is iad sin na hamhábhair chun aigéad sulfainileach a tháirgeadh agus ní hiad na cinn i gcomhair salann d'aigéad sulfainileach iad.

([81]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe IO L 123, 19.5.2015, lch. 33 arna leasú le rialachán tarmligthe (AE) 2017/749 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2017 (IO L113, 29.4.2017, lch. 11)

([82]) Is iad seo na tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad: an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an Chóiré Thuaidh, an Tuircméanastáin agus an Úisbéiceastáin.

([83]) https://www.reportsanddata.com/report-detail/aniline-market

([84]) Tagraítear ar leathanach 6 de chomhdú SEC 10-K de chuid Huntsman Corporation dar dáta an 13 Feabhra 2020 do "mhargadh" suntasach i gcomhair an anailín a bheith in easnamh toisc go mbíonn monaróirí MDI comhtháite le saoráid mhonaraíochta anailín nó go mbíonn conradh soláthair fadtéarmach acu. Le haghaidh mionsonraí, féachhttps://www.huntsman.com/investors/financials/sec-filings/content/0001558370-20-000780/0001558370-20-000780.pdf

([85]) Féach leathanach 7 den iarraidh i gcomhair an athbhreithnithe.

([86]) Féach leathanach 7 den iarraidh i gcomhair an athbhreithnithe.

(117) Thíolaic an t-iarratasóir faisnéis á rá gurbh é USD 1,95/kg meánphraghas an anailín allmhairithe chuig an India le cúig bliana anuas, agus nach raibh sé riamh níos ísle ná USD 1,50/kg (i.e. EUR 1,32/kg) ([87]). D'úsáid an Coimisiún mar thagarmharc an praghas ba choimeádaí ar an anailín a sholáthair an t-iarratasóir, is é sin, EUR 1,32/kg.

(118) Chun an gnáthluach a bhunú de réir mhodheolaíocht an Choimisiúin, ba cheart dleachtanna allmhairiúcháin na dtosca táirgeachta agus na n-ábhar arna n-allmhairiú isteach san India, chomh maith leis na costais iompair intíre, a chur leis na praghsanna allmhairiúcháin sin de ghnáth. Maidir leis an aigéad sulfarach, chuir an Coimisiún dleacht allmhairiúcháin na hIndia i bhfeidhm mar a bhí ar fáil i Réiteach Comhtháite Trádála Domhanda an Bhainc Dhomhanda ([88]), ar na leibhéil faoi seach, ag brath ar thír thionscnaimh na méideanna allmhairithe. Thairis sin, chuir an Coimisiún costais iompair intíre isteach, arna ríomh in aghaidh an tona ar bhonn na luachan i gcomhair seachadtaí dá bhforáiltear i dtuarascáil de chuid an Bhainc Dhomhanda ([89]). I gcomhair an tagarmhairc a tógadh i gcomhair anailín, chuir an Coimisiún iompar intíre isteach.

3.2.4.2. Tomhaltáin

(119) Tomhaltáin is ea carbón gníomhachtaithe, uisce dímhianraithe agus uisce fuar.

(120) I gcás an charbóin ghníomhachtaithe, chuir an Coimisiún an mhodheolaíocht chéanna i bhfeidhm agus a chuir sé i bhfeidhm i gcás an aigéid shulfaraigh sa roinn thuas maidir le hamhábhair. Tar éis allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne a eisiamh, bhí na hallmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós agus iad comhionann le 50,8 % de líon iomlán na méideanna arna n-allmhairiú chuig an India. Maidir leis an iompar intíre, chuir an Coimisiún costais iompair intíre isteach a ríomhadh in aghaidh an tona ar bhonn na dtairiscintí i gcomhair seachadtaí dá bhforáiltear i dtuarascáil de chuid an Bhainc Dhomhanda dá dtagraítear sa roinn thuas.

(121) I gcás an uisce dhímhianraithe agus an uisce fhuair, chuaigh an Coimisiún i muinín tharaif uisce 2018 i gcomhair na dtionscal a úsáideann uisce le haghaidh na táirgeachta nó oibreán fuaraithe in Maharashtra ([90]).

3.2.4.3. Lucht saothair

(122) Léirítear leis na Suirbhéanna Tréimhsiúla ar an bhFórsa Saothair a rinne an Aireacht Staidrimh san India ([91]) gur ionann an meánphá bliantúil agus dhá oiread an phá íosta de ghnáth ([92]). D'úsáid an Coimisiún an anailís ba dheireanaí ar shonraí saothair san India a rinne a Biúró Saothair (i.e. an tuarascáil "Indian Labour Statistics 2017") ([93]) lena léirítear an pá íosta in Maharashtra in earnáil na gceimiceán/na ndrugaí agus na cógaisíochta agus d'iolraigh an pá íosta ar feadh bliana faoi dhó.

3.2.4.4. Leictreachas

(123) Foilsíonn Coimisiún Rialála Leictreachais Maharashtra praghas an leictreachais i gcomhair cuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) in Maharashtra ([94]). D'úsáid an Coimisiún na sonraí faoi na praghsanna leictreachais tionsclaíocha i rith bhliain airgeadais 2019/2020 na hIndia (i.e. praghsanna a bhí i réim sa dara leath den tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe a chumhdaítear).

---

([87]) Féach t20.003680.

([88]) Ar fáil arhttps://wits.worldbank.org/WITS/WITS/Restricted/Login.aspx (arna amharc go deireanach an 7 Eanáir 2020).; cé gur gá clárú lena aghaidh, tá rochtain ar an mbunachar sonrí saor in aisce.

([89]) Féach leathanach 84 den tuarascáilhttps://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/c/china/CHN.pdf

([90]) https://timesofindia.indiatimes.com/city/mumbai/maharashtra-govt-increases-water-tariff-for-industries-using-it-as-raw-material/articleshow/62573525.cms

([91]) http://mospi.nic.in/sites/default/files/publication_reports/Annual_Report_PLFS_2018_19_HL.pdf

([92]) Bhí an **meánphá** bliantúil san India le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe thart faoi INR 192 000 (féach sonraí maidir le pá rialta/tuarastal rialta fostaithe i ráiteas 17 ar leathanach 60 den "Annual Report, PLFS, 2018-19" is féidir a íoslódáil tríd an nasc san fhonóta thuas). Léirítear leis an tuarascáil "Indian Labour Statistics 2017" gurbh ionann tuilleamh **íosta** bliantúil na n-oibrithe in earnáil mhonaraíochta na hIndia i gcoitinne in 2014 agus INR 100 000/bliana.

([93]) http://www.labourbureaunew.gov.in/UserContent/ILS_2017.pdf

([94]) https://www.merc.gov.in/faces/merc/common/outputClient.xhtml

3.2.4.5. Gás nádúrtha

(124) Foilsíonn an Chill Phleanála agus Anailíse Peitriliam san India (ar cuid d'Aireacht Pheitriliam agus Gháis Nádúrtha na hIndia í) praghas an gháis nádúrtha san India go tráthrialta ar a suíomh idirlín ([95]). D'úsáid an Coimisiún na praghsanna foilsithe lena gcumhdaítear an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ([96]).

3.2.4.6. Gal

(125) In éagmais aon sonraí eile, chun costais ghaile a bhunú, d'úsáid an Coimisiún an mhodheolaíocht a úsáideadh san iarraidh, a d'fhíoraigh an Coimisiún i rith na gcros-seiceálacha cianda. Eilimint "fuinnimh" is ea an ghal, ar bunaíodh a chostas mar chéatadán de chostais inathraitheacha áirithe arna dtabhú ag an iarratasóir le fírinne le linn dó aigéad sulfainileach a tháirgeadh le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ([97]).

3.2.4.7. Forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin, brabúis agus dímheas

(126) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "ní mór méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costas riaracháin, díola agus ginearálta agus i gcomhair brabús a bheith san áireamh sa ghnáthluach comhdhéanta". Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a bhunú chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(127) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a bhunú agus mar gheall ar chomhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a bheith in easnamh, d'úsáid an Coimisiún fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, bunaithe ar shonraí an iarratasóra ([98]), bhunaigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta leis na costais iomlána mhonaraíochta agus saothair. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ansin maidir le luach neamhshaofa an chostais monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil.

(128) Chun méid neamhshaofa agus réasúnach a bhunú i gcomhair costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús, bhraith an Coimisiún ar na sonraí airgeadais i gcomhair na tréimhse ón 1 Aibreán 2018 go dtí an 31 Márta 2019 le haghaidh Aarti mar a baineadh as cuntais iniúchta Aarti iad, cuntais atá le fáil ar shuíomh gréasáin na cuideachta.

3.2.5. *Ríomh*

(129) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a chomhdhéanamh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(130) Ar an gcéad dul síos, bhunaigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú ar úsáid gach toisce (ábhair agus lucht saothair) chun aigéad sulfainileach a tháirgeadh. D'fhíoraigh an Coimisiún na rátaí tomhaltais sin, a sholáthair an t-iarratasóir, le linn na gcros-seiceálacha cianda. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a tugadh faoi deara san India.

(131) Ar an dara dul síos, ríomhadh forchostais mhonaraíochta. Mínítear ríomh na bhforchostas monaraíochta sin in aithris (127) thuas. Cuireadh an céatadán a fuarthas chun feidhme maidir le costais neamhshaofa na monaraíochta.

(132) Ar an tríú dul síos, chuir an Coimisiún costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús i bhfeidhm. Cinneadh iad ar bhonn ráitis airgeadais Aarti (féach Roinn 3.2.3.3). Chuir an Coimisiún na míreanna seo a leanas leis an gcostas monaraíochta neamhshaofa:

— Costais díola, ghinearálta agus riaracháin, ar 23,6 % iad de chostais mhonaraíochta iomlána Aarti, agus

— Brabúis, ar 20,4 % iad de chostais mhonaraíochta iomlána Aarti.

([95]) https://www.ppac.gov.in/

([96]) Féach leathanach 33 dehttps://www.ppac.gov.in/WriteReadData/Reports/20200526052244348067 1SnapshotofIndiasOilGasdata, April2020.pdf

([97]) Féach t20.007552. Faisnéis faoi rún is ea an fhaisnéis mhionsonraithe faoi chostais a sholáthair an t-iarratasóir, i bhfianaise Airteagal 19(1) den bhun-Rialachán agus ní féidir í a fholú.

([98]) Chun miondealú a fháil, féach t20.007552.

(133) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a chomhdhéanamh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.2.6. *An praghas onnmhairiúcháin*

(134) De thoradh na heaspa comhoibrithe, bunaíodh praghsanna onnmhairiúcháin ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. D'úsáid an Coimisiún sonraí allmhairiúcháin ar allmhairí ón tSín a bhfuil tuairisciú orthu i mbunachar sonraí 14(6) agus Eurostat chun praghsanna onnmhairiúcháin a chinneadh.

(135) Toisc go ndéantar tuairisciú ar na praghsanna sin ar bhonn Costais, Árachais, Last-Táille ("CAL"), rinneadh iad a choigeartú chuig leibhéal an phraghais dhírigh trí mhéid iomchuí a asbhaint ar mhaithe le hiompar (EUR 53/tona) agus costais árachais (0,2 %) idir Daon-Phoblacht na Síne agus teorainn an Aontais. In éagmais chomhoibriú tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, d'úsáid an Coimisiún sonraí a sholáthair an t-iarratasóir ([99]).

3.2.7. *Comparáid agus corrlach dumpála*

(136) Chuir an Coimisiún an gnáthluach comhdhéanta mar a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán i gcomparáid ar bhonn an phraghais dhírigh leis an bpraghas onnmhairiúcháin ar leibhéal an phraghais dhírigh chuig an Aontas. Lean an Coimisiún cur chuige coimeádach agus chuir an gnáthluach comhdhéanta ar aigéad sulfainileach i gcomparáid le praghsanna onnmhairí ar aigéad sulfainileach agus a shalainn (allmhairí faoi chód TARIC 2921 42 00 60 agus faoi chód TARIC 2921 42 00 40). Rinne an Coimisiún neamhaird áfach d'allmhairí a rinneadh faoi chód TARIC 2921 42 00 90 (díorthaigh anailín agus a shalainn – Eile) toisc go bhféadfadh táirgí seachas an táirge faoi athbhreithniú a bheith san áireamh leis an gcód sin.

(137) Ba é 41,7 % an corrlach dumpála a fuarthas, arna shloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontais, agus an dleacht neamhíoctha.

3.2.8. *Conclúid maidir le leanúnachas na dumpála*

(138) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gur leanadh den dumpáil le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

3.3. **Forbairt dhóchúil allmhairí dá rachadh na bearta as feidhm**

(139) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gurbh ann don dumpáil le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne, an gaol idir leibhéal na bpraghsanna san Aontas agus praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

(140) Mar thoradh ar an neamh-chomhoibriú ó údaráis na Síne agus ó tháirgeoirí/onnmhaireoirí i nDaon-Phoblacht na Síne, bhunaigh an Coimisiún a mheasúnú ar na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

3.3.1. *Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne*

(141) San athbhreithniú éaga roimhe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh raon na hacmhainneachta a bhí ar fáil i nDaon-Phoblacht na Síne idir 65 500 agus 82 000 tona. Ag an am, measadh go raibh an acmhainneacht bhreise d'aigéad sulfainileach i nDaon-Phoblacht na Síne laistigh den raon idir 13 100 – 16 400 tona.

([99]) Féach t20.006886.

(142) Tá liosta de 44 tháirgeoir Shíneacha a tháirgeann aigéad sulfainileach san iarraidh reatha ar athbhreithniú éaga agus meastar leis an iarraidh go raibh an acmhainneacht táirgeachta d'aigéad sulfainileach in 2019 sa raon idir 75 000 agus 190 000 tona. In 2017, measadh gur 98 506 tona i gcás 14 tháirgeoir Shíneacha an acmhainneacht táirgeachta d'aigéad sulfainileach i nDaon-Phoblacht na Síne ([100]). Ó 2017, chuir táirgeoirí amhail Hebei Honggang Chemical Co., Ltd. agus Cangzhou Lingang Yueguo Chemical Co., Ltd. leis an acmhainneacht táirgeachta ([101]). Thairis sin, is féidir cuid mhór den trealamh táirgeachta a úsáidtear chun ruaimeanna, líocha agus ceimiceáin orgánacha eile a dhéanamh i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid chun aigéad sulfainileach a tháirgeadh freisin ([102]).

(143) I bhfianaise réamh-mheastachán bunaithe ar éileamh stairiúil agus ar onnmhairí agus ar fhaisnéis mhargaidh faoi Dhaon-Phoblacht na Síne, tá an acmhainneacht bhreise d'aigéad sulfainileach i nDaon-Phoblacht na Síne idir 35 000 agus 65 000 tona, arb ionann é sin, ar a laghad, agus cuid mhaith os cionn thomhaltas an Aontais faoi chúig sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe cheana féin.

3.3.2. *Praghsanna i margaí onnmhairiúcháin eile*

(144) Rinne an Coimisiún asbhaint GTA ina raibh luachanna agus méideanna onnmhairí Dhaon-Phoblacht na Síne de dhíorthaigh anailín agus a shalainn ([103]) (níl sonraí ar fáil maidir le haigéad sulfainileach amháin) i gcomhair na tréimhse 2015-2019 in aghaidh na tíre cinn scríbe. Léirítear le hanailís ar phraghsanna onnmhairiúcháin, seachas díolacháin leis na Stáit Aontaithe, gurb iad onnmhairí de dhíorthaigh anailín agus a shalainn ón tSín chuig an Aontas na honnmhairí ar a bhfuil an praghas is airde. Ní heol meascán na dtáirgí in aghaidh na tíre cinn scríbe, ach is suntasach difríocht an phraghais idir praghsanna san Aontas agus i margaí onnmhairiúcháin eile. In 2019, bhí meánphraghas díola na ndíorthach anailín agus a shalann chuig an Aontas 3,2 oiread níos airde ná mar a bhí amhlaidh i margaí onnmhairiúcháin eile. Is dócha mar sin go dtiocfaidh méadú ar líon na ndíolachán ón tSín isteach san Aontas i gcás nach ann do bhearta frithdhumpála. Táthar ag súil leis go dtarlóidh allmhairí den sórt sin ar phraghsanna dumpáilte lena ndéanfaí sladghearradh ar phraghsanna an aon táirgeora amháin atá san Aontas.

3.3.3. *Tarraingteacht mhargadh an Aontais*

(145) Is í Daon-Phoblacht na Síne an tír onnmhairiúchain is mó ar domhan ó thaobh aigéad sulfainileach de réir na cainníochta ([104]). I bhfianaise na bpleananna atá curtha i bhfeidhm ag Rialtas na Síne (féach Roinn 3.2.2) agus suíomhanna gréasáin táirgeoirí ábhartha sa tSín ([105]), is léir go bhfuil onnmhairí suntasacha ag táirgeoirí aigéid shulfainiligh na Síne.

(146) Léiríodh leis an anailís ar an asbhaint GTA a luaitear in aithris (144) thuas gurbh ionann onnmhairí de chuid na Síne de dhíorthaigh anailín agus a shalainn agus thart faoi 82 mhilliún tona in 2019. Chuaigh formhór na n-onnmhairí sin chuig Óman, an Phacastáin, an Bhrasaíl, an India agus Vítneam. Fiú dá bhféadfadh meascán táirgí na dtáirgí onnmhairithe a bheith difriúil agus más leithne na sonraí ná an táirge faoi athbhreithniú, tugtar ar aird go raibh meánphraghas onnmhairí de chuid na Síne de dhíorthaigh anailín agus a shalainn chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad i bhfad níos ísle ná meánphraghas na n-onnmhairí chuig an Aontas. Fuarthas leis an imscrúdú gur sna Stáit Aontaithe, san Eoraip, i Meicsiceo, sa Bhrasaíl agus sa tSeapáin a bhí formhór an éilimh ar an aigéad sulfainileach ([106]). Maidir leis na Stáit Aontaithe, bheadh praghsanna an aigéid shulfainiligh ard, ach is cosúil go bhfuil an rochtain ar mhargadh na Stát Aontaithe srianta i gcomhair táirgeoirí aigéid shulfainiligh na Síne ó tugadh bearta frithdhumpála isteach ([107]). Is léir dá bhrí sin tarraingteacht mhargadh an Aontais i dtéarmaí éilimh agus praghsanna.

([100]) Féach lch. I-16 den fhoilseachán 4680 ó Choimisiún Trádála Idirnáisiúnta na Stát Aontaithe (USITC) maidir le hAigéad Sulfainileach ón tSín agus ón India, Imscrúduithe Uimh. 701-TA-318 agus 731-TA-538 agus 561 (An Ceathrú hAthbhreithniú) ó mhí Aibreáin 2017 ("Tuarascáil Aibreán 2017 de chuid USITC").

([101]) Féach leathanach 33 den iarraidh.

([102]) Féach lch. 22 de Thuarascáil Aibreán 2017 de chuid USITC.

([103]) Tá an táirge faoi athbhreithniú san áireamh le díorthaigh anailín agus a shalainn. Is mó an chatagóir í ná catagóir an aigéid sulfainiligh agus na ndíorthach de.

([104]) Féach lch. I-19 de Thuarascáil Aibreán 2017 de chuid USITC.

([105]) Maidir le Hebei Honggang Chemical Industry Co., Ltd. féachhttp://en.hebhonggang.com/comcontent_detail/i=2&comContentId=2.html (arna amharc go deireanach an 24 Samhain 2020); maidir le Cangzhou Lingang Yueguo Chemical Co., Ltd. féachhttp://www.y-gchem.com/about_en.html (arna amharc go deireanach an 24 Samhain 2020); maidir le Orichem International Ltd féachhttp://www.orichem.com/ (arna amharc go deireanach an 24 Samhain 2020).

([106]) Féach lch. I-18 de Thuarascáil Aibreán 2017 de chuid USITC. Féach fonóta 98

([107]) Féach lch. 10 de Thuarascáil USITC Aibreán 2017. Féach fonóta 98

3.3.4. *Conclúid maidir le forbairt dhóchúil allmhairí dá rachadh na bearta as feidhm*

(147) Bunaithe ar an acmhainneacht táirgeachta shuntasach agus ar an acmhainneacht bhreise shuntasach i nDaon-Phoblacht na Síne agus ar tharraingteacht mhargadh an Aontais, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur mhór an dóchúlacht go rachadh líon na méideanna dumpáilte i méid dá rachadh na bearta frithdhumpála in éag.

3.3.5. *Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil*

(148) I bhfianaise thorthaí a imscrúdaithe ar leanúnachas na dumpála le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus ar fhorbairt dhóchúil na n-allmhairí dá rachadh na bearta as feidhm, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, gur mhór an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil dá rachadh na bearta frithdhumpála in éag.

## 4. DÍOBHÁIL

### 4.1. Sainmhíniú ar an tionscal de chuid an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(149) Aon táirgeoir amháin de chuid an Aontais a rinne an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse a measadh. Is ionann an chuideachta agus an 'tionscal de chuid an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(150) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe sa raon idir 1 900 agus 2 300 tona, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair an tionscal de chuid an Aontais. Rinneadh an anailís ar bhonn na sonraí a sholáthair an t-aon táirgeoir amháin de chuid an Aontais a tháirgeann an táirge comhchosúil, arbh ionann é sin agus 100 % mar sin de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

### 4.2. Tomhaltas an Aontais

(151) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn:

— méideanna díolachán an táirge chomhchosúil ag an tionscal de chuid an Aontais isteach i margadh an Aontais,

— méideanna allmhairí d'aigéad sulfainileach agus a shalainn (leibhéal TARIS 10 ndigit) arna dtuairisciú in Eurostat.

(152) I bhfianaise an fhíorais nach bhfuil i gceist leis an tionscal de chuid an Aontais ach aon táirgeoir amháin, chun faisnéis ghnó faoi rún a urramú, is gá an fhaisnéis a chur i láthair i dtáblaí thíos i bhfoirm innéacsaithe.

(153) I gcomhréir le Nóta an 18 Samhain 2020 a ghabhann leis an gcomhad ([108]), lean an Coimisiún cur chuige coimeádach agus níor úsáideadh le haghaidh na hanailíse díobhála ach allmhairí a aicmítear faoi chód TARIC 2921 42 00 60 (aigéad sulfainileach) agus 2921 42 00 40 (sulfainioláit sóidiam, ar salann d'aigéad sulfainileach í a dhéantar a tháirgeadh tríd an aigéad sulfainileach a chóireáil le hiodrocsaíd sóidiam). Rinne an Coimisiún neamhaird, áfach, d'allmhairí arna ndéanamh faoi chód TARIC 2921 42 00 90 (díorthaigh anailín agus a salainn – Eile) toisc go bhféadfadh táirgí seachas an táirge faoi athbhreithniú a bheith san áireamh leis an gcód sin agus toisc nárbh fhéidir aon mhodheolaíocht cheart a úsáid chun cion an táirge faoi athbhreithniú a shainaithint faoin gcód sin.

(154) Léiríodh leis an imscrúdú go ndeachaigh margadh an Aontais i gcomhair an aigéid shulfainiligh i leithne ar dtús sa dara bliain den tréimhse a measadh. Chuaigh an tomhaltas i laghad ansin, áfach ach d'fhan sé beagán os cionn leibhéal 2016 sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

*Tábla 2*

**Tomhaltas an Aontais (méid-innéacs)**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Tomhaltas an Aontais | 100 | 113 | 104 | 105 |

*Foinse*: Táirgeoir ón Aontas agus Eurostat

([108]) Uimh. Thag. t20.007508.

### 4.3. **Allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne**

#### (a) ***Méideanna allmhairí agus an sciar den mhargadh***

(155) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas ar bhonn sonraí ó Eurostat agus ar an sciar den mhargadh a bhain leis na hallmhairí trí mhéideanna na n-allmhairí sin a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais mar a léirítear i dTábla 3.

(156) Chuaigh méid iomlán na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne i méid go leanúnach le linn na tréimhse a measadh. Sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, bhí na méideanna allmhairí 66 % níos airde ná mar a bhí in 2016.

(157) Chuaigh na méideanna allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne i méid go leanúnach go dtí gurbh ionann iad agus breis agus an tríú cuid de mhéid iomlán na n-allmhairí sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(158) San imscrúdú bunaidh, d'imscrúdaigh an Coimisiún allmhairí d'aigéad sulfainileach agus a shalainn, rud is léir *inter alia* ó shainmhíniú an táirge lena mbaineann in aithrisí an Rialacháin lena bhforchuirtear na bearta sealadacha ([109]). Mar sin féin, thug an Coimisiún tuairisc trí neamhghníomh ar an táirge atá faoi réir na mbeart mar aigéad sulfainileach agus é sin amháin i gcuid oibríochtúil an Rialacháin. D'éirigh an tsaincheist sin níos soiléire in 2015.

(159) In 2015, tar éis don athbhreithniú éaga roimhe a bheith tugtha i gcrích cheana féin, tugadh cód nua TARIC isteach i gcomhair na sulfainioláite sóidiam (cód TARIC 2921 42 00 40) le hathbhreithniú ar aicmiú taraife an Aontais. Thairis sin, ag deireadh 2014 agus ag tús 2015, d'eisigh an Ísiltír ([110]) agus an Iodáil ([111]) cinntí um Fhaisnéis Cheangailteach i leith Taraifí lenar aicmíodh salainn d'aigéad sulfainileach faoi chód TARIC 2921 42 00 90 (Díorthaigh anailín agus a shalainn – Eile).

(160) Léirítear le staidreamh allmhairiúcháin Eurostat gur luainigh na méideanna allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne a aicmítear faoi chód TARIC 2921 42 00 90 idir 1 500 tona agus 3 000 tona idir 2010 agus an tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe ([112]). Níor imir na hathruithe ar an aicmiú taraife in 2015 ná an dá Fhaisnéis Cheangailteach i leith Taraifí aon tionchar ar an treocht luaineach a bhain leis an gcód TARIC sin.

(161) Os a choinne sin, is léir go ndeachaigh na méideanna arna n-allmhairiú ó Dhaon-Phoblacht na Síne faoi chód TARIC 2921 42 00 60 (aigéad sulfainileach) i laghad tar éis 2014. Ó 2010 go dtí 2014, bhí na méideanna allmhairí sa raon idir 100 agus 800 tona in aghaidh na bliana ([113]). Ó 2015, ní dheachaigh siad os cionn 65 tona riamh. Ina theannta sin, chuaigh na méideanna allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne faoi chód TARIC 2921 42 00 40 (sulfainioláit sóidiam) i méid ó thart faoi 35 thona in 2015 go dtí breis is 1 000 tona sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(162) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur bhain táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne leas as an staid a mhínítear in aithrisí (158) agus (159) agus gur thosaigh siad ar shalainn d'aigéad sulfainileach a allmhairiú an athuair faoi na cóid TARIC nach gcumhdaítear go sainráite leis an gcuid oibríochtúil de na bearta frithdhumpála le linn na tréimhse a measadh.

*Tábla 3*

**Allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (tonaí, raonta)**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Daon-Phoblacht na Síne | 600 – 670 | 550 – 600 | 750 – 800 | 1 050 – 1 100 |
| *Innéacs (2016 = 100)* | *100* | *90* | *119* | *166* |

*Foinse*: Eurostat

([109]) Rialachán (CE) Uimh. 575/2002 ón gCoimisiún an 3 Márta 2002 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí d'aigéad sulfainileach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndia iad (IO L 87, 4.4.2002, lch. 28).

([110]) Uimh. Thag. NLRTD-2014-1999. Ar fáil arhttps://ec.europa.eu/taxation_customs/dds2/ebti/ebti_consultation.jsp?Lang = en (arna amharc go deireanach an 30 Samhain 2020).

([111]) Uimh. Thag. ITIT-2014-0509C-277100. Ar fáil arhttps://ec.europa.eu/taxation_customs/dds2/ebti/ebti_consultation.jsp?Lang = en (arna amharc go deireanach an 30 Samhain 2020).

([112]) Bhí na blianta 2010 agus 2011 sách eisceachtúil sa mhéid gur tháinig breis agus 5 000 tona agus ní ba lú ná 1 200 tona d'allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne sna blianta sin faoi seach.

([113]) Bhí an bhliain 2013 eisceachtúil gan ach beagán os cionn 10 dtona i gceist leis an méid allmhairí.

(163) Mar a mhínítear in aithrisí (158) go dtí (161), chuaigh allmhairí an táirge faoi athbhreithniú i méid tar éis 2015 nuair a tugadh an cód TARIC isteach i gcomhair na sulfainioláite sóidiam. In 2016, b'ionann allmhairí ón tSín agus 14 % de mhargadh an Aontais. Chuaigh a sciar den mhargadh i laghad in 2017 ach tháinig biseach air agus leanadh den fhás ar feadh na coda den tréimhse a measadh a bhí fágtha. Sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, shroich allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne 22 % maidir leis an sciar de mhargadh an Aontais.

*Tábla 4*

**An sciar de mhargadh an Aontais (%)**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Daon-Phoblacht na Síne in % | 14 | 11 | 16 | 22 |
| *Innéacs (2016 = 100)* | *100* | *80* | *115* | *158* |

*Foinse*: arna ríomh bunaithe ar an bhfaisnéis ón táirgeoir de chuid an Aontais agus Eurostat

(b) ***Praghsanna allmhairiúcháin agus sladghearradh praghais***

(164) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Ba bheag gur dúblaíodh meánphraghas allmhairiúcháin an táirge faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse a measadh. Lean praghas allmhairiúcháin an aigéid shulfainiligh, an t-aon chomhpháirt den táirge faoi athbhreithniú lena mbaineann bearta faoi láthair, agus praghas allmhairiúcháin a shalann, treochtaí difriúla áfach.

(165) Chuaigh praghas allmhairiúcháin an aigéid shulfainiligh ó Dhaon-Phoblacht na Síne i laghad sa tréimhse a measadh. Sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, thit an praghas allmhairiúcháin beagnach 10 % i gcomparáid le tús na tréimhse a measadh. Mheas an Coimisiún nárbh ionadaíoch an buaicphraghas in 2018 toisc nár chomhfhreagraigh sé ach do 4 thona d'aigéad sulfainileach a allmhairíodh ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

(166) Léiríodh a mhalairt de threocht maidir le praghas allmhairiúcháin na salann d'aigéad sulfainileach ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Tháinig fás leanúnach ar phraghas allmhairiúcháin na salann go dtí gur sroicheadh beagnach 190 % dá luach in 2016 sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

*Tábla 5*

**Praghas allmhairiúcháin (EUR/tona)**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Praghas aigéid shulfainiligh in EUR/tona | 1 271 | 1 070 | 2 315 | 1 157 |
| *Innéacs (2016 = 100)* | *100* | *84* | *182* | *91* |
| Praghas salann d'aigéad sulfainileach [1] in EUR/tona | 714 | 1 046 | 1 198 | 1 333 |
| *Innéacs (2016 = 100)* | *100* | *146* | *168* | *187* |
| Meánphraghas an táirge faoi athbhreithniú in EUR | 720 | 1 049 | 1 204 | 1 325 |
| *Innéacs (2016 = 100)* | *100* | *146* | *167* | *184* |

[1] Mar a leagtar amach in aithris (153), tá salainn d'aigéad sulfainileach teoranta don tsulfainioláit sóidiam.
*Foinse*: Eurostat

(167) In éagmais chomhoibriú tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, agus dá bhrí sin, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi chineálacha beachta na dtáirgí allmhairithe, chinn an Coimisiún sladghearradh praghsanna bunaithe ar na hallmhairí in aghaidh an chóid TARIC agus ar an toimhde gur cosúil na cineálacha táirgí a thagann faoi na cóid shonracha TARIC arna n-allmhairiú ó Dhaon-Phoblacht na Síne leis na cinn sin arna dtáirgeadh agus arna ndíol ag an aon táirgeoir amháin de chuid an Aontais.

(168) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:

— meánphraghas díola ualaithe an táirge faoi athbhreithniú a ghearr an t-aon táirgeoir amháin de chuid an Aontais, arna ghearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna choigeartú chuig an leibhéal díreach ón monarcha; agus

— meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha na n-allmhairí ó tháirgeoirí de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne (sonraí ó Eurostat) i gcomhair an táirge faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht na Síne in aghaidh an chóid TARIC a shuitear ar bhonn Costais, árachais, last-táille ("CAL"), arna gcoigeartú de réir an phraghais agus an táirge tugtha i dtír, lena n-áirítear méid de ghnáthdhleacht chustaim agus de chostais iar-allmhairiúcháin.

(169) Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(170) Agus an cur chuige a thuairiscítear in aithris (153) á chur san áireamh, léiríodh meánchorrlach sladghearrtha 13,3 % i margadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe leis an gcomparáid maidir le hallmhairí cineálacha táirgí inchomparáide ó Dhaon-Phoblacht na Síne bunaithe ar aicmiú an chóid TARIC.

### 4.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne**

(171) I gcaitheamh na tréimhse a measadh, tionscnaíodh formhór allmhairí iomlána an Aontais sna Stáit Aontaithe. Chuaigh méid na n-allmhairí ó na Stáit Aontaithe i méid idir 2016 agus 2017 agus chuaigh sé i laghad go leanúnach ansin ach d'fhan sé 5 % os cionn leibhéal 2016 sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Tháinig méadú 8 bpointe céatadáin ar a sciar den mhargadh idir 2016 agus 2018, agus thit sé ar ais chuig leibhéal 32 % ansin sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(172) Chuaigh na hallmhairí ó na Stáit Aontaithe i bhfeidhm go mór ar threocht na n-allmhairí ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne, rud a lean an fhorbairt chéanna i dtéarmaí na méideanna allmhairí mar sin. D'fhan an sciar den mhargadh a bhain le hallmhairí ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne cuíosach cobhsaí le linn na tréimhse a measadh. B'ionann allmhairí ó thríú tíortha agus 38-41 % de mhargadh an Aontais.

*Tábla 6*

**Méideanna allmhairí agus an sciar den mhargadh ag tríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne (tonaí, %)**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An India – méid allmhairí | 270 – 300 | 70 – 100 | 70 – 100 | 270 – 300 |
| *Innéacs (2016 = 100)* | *100* | *30* | *28* | *100* |
| An India – sciar den mhargadh in % | 6 | 2 | 2 | 6 |
| An Eilvéis – méid allmhairí | 0 – 1 | 0 | 0 | 0 |
| *Innéacs (2016 = 100)* | *100* | *0* | *0* | *0* |
| An Eilvéis – sciar den mhargadh in % | > 0,01 | 0 | 0 | 0 |
| Na Stáit Aontaithe – méid allmhairí | 1 450 – 1 500 | 2 000 – 2 050 | 1 900 – 1 950 | 1 550 – 1 600 |
| *Innéacs (2016 = 100)* | *100* | *137* | *129* | *105* |
| Na Stáit Aontaithe – an sciar den mhargadh in % | 32 | 39 | 40 | 32 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne a áireamh – méid allmhairí | 1 720 – 1 800 | 2 070 – 2 150 | 1 970 – 2 050 | 1 720 – 1 900 |
| *Innéacs (2016 = 100)* | *100* | *120* | *113* | *104* |
| Gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne a áireamh – sciar den mhargadh in % | 38 | 40 | 41 | 38 |

*Foinse*: Eurostat

(173) D'fhan praghsanna allmhairiúcháin an táirge faoi athbhreithniú, ar de thionscnamh tríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne é, cuid mhaith os cionn leibhéal phraghsanna na n-allmhairí ón tSín agus iad idir thart faoi EUR 1 400/tona in 2017 go dtí beagnach EUR 1 700/tona sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

### 4.5. **Staid eacnamaíoch an tionscail**

#### 4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(174) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar an tionscal de chuid an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse a measadh.

(175) Maidir leis an tionscal de chuid an Aontais, níor feidhmíodh aon sampláil. Dá bhrí sin, rinneadh measúnú ar staid eacnamaíoch an tionscail ar an aon táirgeoir amháin de chuid an Aontais arbh ionann é agus 100 % den táirgeacht san Aontas.

(176) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí ar bhonn na sonraí a chuir an táirgeoir de chuid an Aontais faoina bhráid san iarraidh ar athbhreithniú agus ar an bhfreagra cros-seiceáilte ar an gceistneoir a chuir an táirgeoir sin faoina bhráid.

(177) Fuarthas amach go raibh na sonraí sin ionadaíoch ar staid eacnamaíoch an tionscail de chuid an Aontais.

(178) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, an úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an sciar den mhargadh, an fás, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin.

(179) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid agus tosca a dhéanann difear do phraghsanna, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

#### 4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

##### 4.5.2.1. An táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(180) Le linn na tréimhse a measadh, chuaigh an táirgeacht i laghad idir 2016 agus 2018. Cé gur tháinig biseach de bheagán uirthi sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, d'fhan an táirgeacht 11 % faoi bhun leibhéal 2016.

(181) Níor tháinig aon athrú ar an acmhainneacht táirgeachta i gcaitheamh na tréimhse ar fad a measadh.

(182) Agus an acmhainneacht táirgeachta cobhsaí, lean an úsáid acmhainneachta an treocht chéanna agus a lean an táirgeacht. Dá bhrí sin, sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, tháinig laghdú 11 % (nó 8 bpointe céatadáin) ar an úsáid acmhainneachtaí gcomparáid le 2016. Ina theannta sin, cheana féin in 2016, bhí an úsáid acmhainneachta faoi bhun leibhéal barrmhaith.

*Tábla 7*

**Táirgeacht an Aontais, an acmhainneacht táirgeachta agus an úsáid acmhainneachta**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Tonaí táirgeachta (innéacs) | 100 | 99 | 79 | 89 |
| Acmhainneacht táirgeachta i dtonaí (innéacs) | 100 | 100 | 100 | 100 |
| An úsáid acmhainneachta in % | 71 | 70 | 56 | 63 |

*Foinse*: Freagra ceistneora

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(183) Tar éis méadú ar thomhaltas an Aontais in 2017, bhí an táirgeoir de chuid an Aontais in ann a mhéid díolachán a mhéadú freisin. Sa dara cuid den tréimhse a measadh, thit an méid díolachán, áfach, agus sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, bhí sé 11 % faoi bhun leibhéal 2016.

(184) Ina theannta sin, chaill an t-aon táirgeoir amháin de chuid an Aontais sciar den mhargadh le linn na tréimhse a measadh. Sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, bhí a sciar den mhargadh 8 bpointe céatadáin níos ísle ná mar a bhí in 2016.

*Tábla 8*

**An méid díolachán agus an sciar den mhargadh**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Méid díolachán i dtonaí (innéacs) | 100 | 115 | 92 | 89 |
| % de sciar den mhargadh (innéacs) | 48 % | 49 % | 43 % | 40 % |

*Foinse*: Freagra ceistneora

4.5.2.3. An fás

(185) Ó 2016 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, tháinig fás leanúnach ar thomhaltas an Aontais. Dá ainneoin sin, mar gheall ar an bhfás ar an iomaíocht ó allmhairí ar phraghas íseal ó Dhaon-Phoblacht na Síne, chuaigh méid díolachán an tionscail de chuid an Aontais i laghad. D'fhág sé sin gur chaill an tionscal de chuid an Aontais sciar den mhargadh i gcaitheamh na tréimhse a measadh.

4.5.2.4. An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

(186) Tháinig laghdú ar leibhéal fostaíochta an tionscail de chuid an Aontais idir 2016 agus 2018 ach tháinig méadú i dtéarmaí coibhneasta air sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Ar an gcaoi sin, ní mór a thabhairt ar aird go bhfostaítear líon teoranta daoine chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh sa tionscal de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, b'ionann méadú beag ar líon na bhfostaithe agus borradh faoin bhfostaíocht nuair a shloinntear mar innéacs de bhonn-bhliain 2016 é. Dá dhroim sin, níorbh fhéidir an t-ardú ar fhostaíocht i gcaitheamh na tréimhse a measadh a thuiscint mar chomhartha soiléir téarnaimh.

(187) Tháinig méadú 15 % in 2017 i gcomparáid le 2016 ar tháirgiúlacht lucht saothair an tionscail de chuid an Aontais, arna thomhas mar aschur (tonaí) in aghaidh na coibhéise lánaimseartha (FTE). I gcomhair na coda eile den tréimhse a measadh, tháinig laghdú ar an táirgiúlacht. Sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, de thoradh méideanna táirgeachta a bhí faoi bhun leibhéal 2016 i dteannta le líon fostaithe a bhí os cionn leibhéal 2016, níor sroich an táirgiúlacht ach 78 % de leibhéal 2016.

*Tábla 9*

**An fhostaíocht agus an táirgiúlacht**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An fhostaíocht de réir na coibhéise lánaimseartha (FTE) (innéacs) | 100 | 86 | 71 | 114 |
| An táirgiúlacht i dtonaí/FTE (innéacs) | 100 | 115 | 110 | 78 |

*Foinse*: Freagra ceistneora

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(188) Suíodh leis an imscrúdú gur leanadh den dumpáil ó Dhaon-Phoblacht na Síne, agus go bhfuil méid na gcorrlach dumpála mar a léirítear in aithris (137) cuid mhaith os cionn an leibhéil *de minimis*.

(189) Ina theannta sin, níor bheag leibhéal na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, agus b'ionann iad agus 22 % de mhargadh an Aontais.

(190) Léiríodh leis an athbhreithniú éaga nár fhág na bearta a bhí i bhfeidhm go bhféadfadh an tionscal de chuid an Aontais téarnamh ó dhumpáil roimhe.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus fachtóirí lena ndéantar difear do phraghsanna

(191) Tháinig fás 8 % idir 2016 agus 2017 ar mheánphraghas aonaid an tionscail de chuid an Aontais a baineadh amach ar mhargadh an Aontais. Le linn an dhá bhliain dheireanacha den tréimhse a measadh, chuaigh an praghas i laghad, áfach, agus sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, d'fhan an praghas 4 % os cionn leibhéal 2016.

(192) Ar an gcaoi chéanna, tháinig fás ar an gcostas táirgeachta le linn na tréimhse a measadh. Chuaigh méid a fháis cuid mhaith os cionn an mhéadaithe ar an bpraghas díola. Dá bhrí sin, tháinig ardú 20 % ar chostas aonaid na táirgeachta in 2018. Cé gur thit sé sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, d'fhan sé 10 % os cionn leibhéal 2016. Rinne an fhorbairt sin, in éineacht leis an bpraghas díola a bheith díreach 4 % níos airde, difear do bhrabúsacht an táirgeora de chuid an Aontais.

*Tábla 10*

**Praghas aonaid agus costas aonaid i margadh an Aontais**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Praghas aonaid an Aontais do chustaiméirí neamhghaolmhara in EUR/tona (innéacs) | 100 | 108 | 107 | 104 |
| Costas táirgeachta an Aontais in EUR/tona (innéacs) | 100 | 104 | 120 | 110 |

*Foinse*: Freagra ceistneora

4.5.3.2. Costais saothair

(193) Tháinig méadú suntasach ar na meánchostais saothair idir 2016 agus 2018. Sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, chuaigh an costas saothair in aghaidh an fhostaí i laghad go dtí leibhéal is inchomparáide le 2016.

*Tábla 11*

**Costais saothair**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Costas saothair an Aontais in EUR/FTE (innéacs) | 100 | 119 | 133 | 102 |

*Foinse*: Freagra ceistneora

4.5.3.3. Fardail

(194) Bhí cúrsaí forbartha na bhfardal dearfach idir 2016 agus 2018. Tháinig laghdú 70 % ar chainníocht an stoic deiridh sa tréimhse sin. Mar sin féin, sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, tháinig ardú suntasach ar an gcainníocht sin go dtí gur bheag gur sroicheadh an leibhéal céanna a bhí ann in 2016.

*Tábla 12*

**Fardail**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Stoic dheiridh i dtonaí (innéacs) | 100 | 62 | 29 | 97 |

*Foinse*: Freagra ceistneora

4.5.3.4. An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú

(195) Le linn na tréimhse a measadh, tháinig méadú ar bhrabúsacht an tionscail de chuid an Aontais, arna sloinneadh mar chéatadán de ghlandíolacháin, in 2017. Tharla laghdú tobann tar éis an mhéadaithe sin agus bhí an táirgeoir de chuid an Aontais caillteach i gcónaí i gcaitheamh na coda eile den tréimhse a measadh lena n-áirítear sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. Is é an chúis ba mhó leis sin gur bhain na costais táirgthe buaicphointe amach in 2018, ach nach raibh an táirgeoir de chuid an Aontais in ann a phraghas díola a mhéadú chuig leibhéal iomchuí agus é in iomaíocht in aghaidh an méadú a bhí ag teacht ar allmhairí ar phraghas íseal ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

(196) Lean an toradh ar infheistíochtaí, arna shloinneadh mar an sciar den bhrabús ar ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar, an treocht sin ó thaobh na brabúsachta de, tríd is tríd. Tháinig méadú air idir 2016 agus 2017. Sa dara cuid den tréimhse a measadh, thit an toradh ar infheistíochtaí faoi bhun náid.

*Tábla 13*

**An bhrabúsacht agus an toradh ar infheistíochtaí**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An bhrabúsacht in % (innéacs) | 100 | 309 | -59 | -76 |
| An toradh ar infheistíochtaí in % (innéacs) | 100 | 355 | -57 | -71 |

*Foinse*: Freagra ceistneora

(197) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Lean an sreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin an treocht ó thaobh na brabúsachta de. Tháinig ardú de bhreis agus a shé oiread ar a luach idir 2016 agus 2017. In 2018, thit sé go dtí an tríú cuid dá luach in 2017. Lean an laghdú ar an sreabhadh airgid glan ar aghaidh agus sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, shroich sé figiúir a bhí cuid mhaith faoi bhun náid.

*Tábla 14*

**An sreabhadh airgid**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| An sreabhadh airgid in EUR (innéacs) | 100 | 648 | 217 | -163 |

*Foinse*: Freagra ceistneora

(198) Tháinig laghdú leanúnach ar infheistíochtaí bliantúla an tionscail de chuid an Aontais i dtáirgeadh an táirge chomhchosúil i gcaitheamh na tréimhse ar fad a measadh. Sa tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe, bhí luach na nglaninfheistíochtaí 77 % níos ísle ná mar a bhí in 2016.

(199) Mheas an táirgeoir de chuid an Aontais go raibh an fhaisnéis ar a chumas caipiteal a chruinniú íogair. Dá bhrí sin, níl an Coimisiún in ann aon toradh faoin ábhar sin a fhoilsiú go poiblí.

*Tábla 15*

**Infheistíochtaí**

| | 2016 | 2017 | 2018 | Tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe |
|---|---|---|---|---|
| Glan-infheistíochtaí in EUR (innéacs) | 100 | 72 | 56 | 23 |

*Foinse*: Freagra ceistneora

### 4.6. **Conclúid maidir le staid an tionscail de chuid an Aontais**

(200) Léiríodh leis an imscrúdú gur tháinig méadú ar allmhairí na dtáirgí dumpáilte ar phraghas íseal ó Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis an athbhreithnithe éaga roimhe. Is é an staid a thuairiscítear in aithrisí (158) agus (159) go háirithe, agus allmhairí an táirge faoi athbhreithniú a tháinig mar gheall air sin faoi chóid TARIC nár cumhdaíodh go sainráite le bearta frithdhumpála, a chumasaigh an fhorbairt sin. I gcomhair an tionscail de chuid an Aontais, d'fhág sin gur tháinig laghdú ar an táirgeacht agus ar na méideanna díolachán, rud a d'fhág go ndeachaigh a staid airgeadais fhoriomlán in olcas.

(201) Leis na maicreatháscairí agus na micreatháscairí a scrúdaíodh, léiríodh gur leanadh den díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(1) den bhun-Rialachán le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe d'ainneoin na ndleachtanna frithdhumpála.

## 5. **AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DÍOBHÁIL**

(202) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (200) gur bhain díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe. I dteannta na conclúide sin, mheasúnaigh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, an cheist an mbeadh dóchúlacht ann go leanfaí den díobháil de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne dá gceadófaí do na bearta dul as feidhm, nó nach mbeadh.

(203) Maidir leis sin, scrúdaigh an Coimisiún an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne, praghsanna i margaí eile, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus tionchar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar staid an tionscail de chuid an Aontais dá gceadófaí do na bearta dul as feidhm.

### 5.1. **Acmhainneacht táirgeachta bhreise**

(204) Mar a luaitear in aithris (141) go (143), tá acmhainneacht bhreise shuntasach ag onnmhaireoirí na Síne chun a gcuid onnmhairí a mhéadú go tapa. Measadh go raibh idir 35 000 agus 65 000 tona i gceist lena n-acmhainneacht bhreise, ar mhó de bhreis agus cúig oiread an tomhaltais san Aontas ar a laghad í.

### 5.2. **Praghsanna i margaí onnmhairiúcháin eile**

(205) Mar a mhínítear in aithris (144), d'onnmhairigh táirgeoirí de chuid na Síne aigéad sulfainileach agus a shalainn chuig gach tríú tír ach amháin na Stáit Aontaithe ar phraghsanna a bhí faoi bhun an phraghais arbh fhéidir leo a ghearradh ar mhargadh an Aontais. Thairis sin, bhí an difríocht sna praghsanna suntasach toisc, in 2019, go raibh meánphraghas díola na ndíorthach anailín agus a shalann chuig an Aontas breis agus trí oiread níos airde ná mar a bhí i margaí onnmhairiúcháin eile.

### 5.3. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(206) Mar gheall ar na praghsanna ar mhargadh an Aontais a bheith níos éadálaí i gcomparáid le margaí tríú tíortha mar a thuairiscítear in aithrisí (145) agus (146), is dócha go ndéanfaí cainníochtaí suntasacha a onnmhairítear chuig na tíortha sin faoi láthair a atreorú chuig margadh an Aontais dá gceadófaí do na bearta frithdhumpála dul as feidhm.

(207) Ar an mbonn sin, mura mbeadh bearta i bhfeidhm, is dócha go méadódh táirgeoirí de chuid na Síne a mhéid a bheidh siad i margadh an Aontais i dtéarmaí mhéid na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh agus ar phraghsanna dumpáilte is dócha a dhéanfadh praghsanna an tionscail de chuid an Aontais a shladghearradh mar a mhínítear in aithrisí (164) go (169).

### 5.4. **Tionchar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar staid an tionscail de chuid an Aontais dá gceadófaí do na bearta dul as feidhm**

(208) Dá gceadófaí do na bearta dul as feidhm, táthar ag súil le méadú ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne, mar gheall ar tharraingteacht mhargadh an Aontais mar a leagtar amach in aithrisí (205) agus (206). Is dócha go mbeidh na hallmhairí sin ag sladghearradh phraghsanna an tionscail de chuid an Aontais nó ar a laghad go mbrúfaidh siad leibhéal praghais neamhdhíobhála an tionscail de chuid an Aontais síos go mór, mar a leagtar amach in aithrisí (164) go (169).

### 5.5. **Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den díobháil ábhartha**

(209) Toisc gur dócha go dtiocfaidh cainníochtaí móra d'allmhairí ón tSín ar phraghsanna dumpáilte, chuirfí brú ar an tionscal de chuid an Aontais a tháirgeacht a laghdú nó a phraghsanna a ísliú. Tá an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne chomh hollmhór, fiú dá n-aistreofaí líon beag de dhíolacháin chuig an Aontas, dhéanfaí difear diúltach don tionscal de chuid an Aontais, go háirithe toisc gur léiríodh le honnmhairí na Síne chuig tríú tíortha eile go bhféadfadh na praghsanna chuig margadh an Aontais dul i laghad, rud lena ndéanfaí sladghearradh eile ar phraghsanna an tionscail de chuid an Aontais. Bheadh laghduithe ar mhéideanna táirgeachta nó ar phraghsanna díola an tionscail de chuid an Aontais ina gcúis le meath breise ar a bhrabúsacht agus ar tháscairí feidhmíochta eile.

(210) Ar bhonn a bhfuil thuas, is féidir teacht ar an gconclúid gur dócha go leanfaí den díobháil ábhartha dá rachadh na bearta frithdhumpála reatha as feidhm.

## 6. **LEAS AN AONTAIS**

(211) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais iomláin nó nach mbeadh dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann. Tugadh an deis do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl i gcomhréir le hAirteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

### 6.1. **Leas an tionscail de chuid an Aontais**

(212) Mar a luaitear in aithris (208), is dócha go mbainfeadh meath tromchúiseach breise do staid an tionscail de chuid an Aontais i gcás ina gceadófaí do na bearta frithdhumpála dul as feidhm. Dá bhrí sin, rachadh leanúint na mbeart chun leasa an tionscail de chuid an Aontais toisc go bhfaigheadh an táirgeoir de chuid an Aontais an deis a mhéideanna díola agus a sciar den mhargadh a mhéadú, agus a bhrabúsacht agus a staid eacnamaíoch fhoriomlán a fheabhsú.

(213) Os a choinne sin, dá scoirfí de na bearta, bheadh inmharthanacht an tionscail de chuid an Aontais faoi bhagairt thromchúiseach, toisc gur dócha go n-aistreofaí na hallmhairí ón tSín chuig margadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte agus gur dócha gur méideanna allmhairí nach beag a bheadh i gceist, a d'fhágfadh go leanfaí den díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais.

### 6.2. **Leas allmhaireoirí neamhghaolmhara agus úsáideoirí neamhghaolmhara**

(214) San iarraidh ar athbhreithniú éaga, shainaithin an t-iarratasóir 25 tháirgeoir agus/nó úsáideoir san Aontas. Tugadh fógra do gach cuideachta faoi thionscnamh an athbhreithnithe éaga. Níor chomhoibrigh ceachtar acu san imscrúdú ná níor chláraigh siad mar pháirtí leasmhar.

(215) Mar a mhínítear in aithris (34), tá cúig phríomhréimse feidhme ag an aigéad sulfainileach: ábhair ghealta optúla, breiseáin treisiúcháin, datháin bhia, ruaimeanna speisialtachta, agus laistigh den tionscal cógaisíochta. Fuarthas le himscrúduithe roimhe gurbh ionann an táirge faoi athbhreithniú agus sciar diomaibhseach de thart faoi 1 % ar chostais táirgthe na dtáirgeoirí cógaisíochta agus ruaimeanna speisialtachta. Rannchuidigh sé le idir 4 % agus 12 % de chostais táirgthe na dtáirgeoirí ábhar gealta optúil agus breiseán treisiúcháin, áfach. Toisc nár chomhoibrigh aon duine de na húsáideoirí ná de na hallmhaireoirí leis an imscrúdú, is féidir teacht ar an gconclúid nach ndearna na bearta difear diúltach substainteach dóibh.

(216) Ina theannta sin, níl an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh ach i gceithre gheilleagar timpeall an domhain faoi láthair: an tSín, an India, an tAontas, agus na Stáit Aontaithe. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún, dá gcuirfí síneadh leis na bearta, go gcabhródh sin le héagsúlacht foinsí, atá teoranta cheana féin, a chaomhnú d'úsáideoirí aigéid shulfainiligh.

(217) Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeadh sé in aghaidh leas na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí leanúint de na bearta.

### 6.3. **An chonclúid ar leas an Aontais**

(218) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na Dhaon-Phoblacht na Síne é, a choinneáil ar bun. Bheadh sé chun leasa an tionscail de chuid an Aontais bearta a choinneáil ar bun agus ní dhéanfaí díobháil do staid úsáideoirí ná allmhaireoirí san Aontas dá dheasca sin.

## 7. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(219) Ar bhonn na gconclúidí ar ar tháinig an Coimisiún maidir le leanúnachas na dumpála, leanúnachas na díobhála agus le leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le haigéad sulfainileach agus a shalainn ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, a choinneáil ar bun.

(220) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe a raibh sé beartaithe ar a mbonn sin a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun.

(221) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([114]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart go mbeadh an t-ús a bheidh le híoc ar an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach chuig a phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(222) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bhunaítear le hAirteagal 15 (1) den bhun-Rialachán. Thug an Coiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 tuairim dhearfach uaidh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach leis seo ar allmhairí d'aigéad sulfainileach agus a shalainn a thagann faoi chód CN ex 2921 42 00 (cóid TARIC 2921 42 00 40, 2921 42 00 60, agus 2921 42 00 61) faoi láthair, ar de thionscnamh i nDaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, ar an táirge a thuairiscítear i mír 1:

| Tír | Dleacht chinntitheach (%) |
|---|---|
| Daon-Phoblacht na Síne | 33,7 |

([114]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

3. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN